



AN COIMISIÚN
UM CHAIDREAMH
OIBREACHAIS
TUARASCÁIL
BHLIANTÚIL
2014



An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais

Tuarascáil Bhliantúil 2014

**Arna tíolacadh don Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta
An tUasal Richard Bruton, T.D.**

I gcomhréir le hAlt 27(3)
den Acht Caidrimh Thionscail 1990

lena n-áirítear cuntais iniúchta an Choimisiúin don bhliain 2013 agus
cuntas neamhiniúchta don bhliain 2014



Giorrúcháin agus acrainmneacha

ACCS	Cumann na Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha	IRN	<i>Industrial Relations News</i>
AE	An tAontas Eorpach	JIC	Comhchomhairle(i) Thionscail
ASP	Plean Bliantúil Seirbhíse	JLC	Comhchoiste(i) Saothair
CIDT	Binse Díospóidí an Tionscail Tógála	LRC	An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais
CRO	Oifigeach Réitigh Cáis	MNC	Cuideachta Innáisiúnta
CSO	An Phríomh-Oifig Staidrimh	NERA	An tÚdarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta
DB	Sochar Sainithe	NIB	An Comhlacht Náisiúnta Forfheidhmithe
EAT	An Binse Achomhairc Fostaíochta	NUIG	Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
ERO	Ordú Rialaithe Fostaíochta	PAS	an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
ERS	Seirbhís Luath-Réitigh	PMDS	Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta
ESB	Bord Soláthair an Leictreachais	PNA	Comhlachas Altraí Síciatracha
ESRI	An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta	REA	Comhaontú Cláraithe Fostaíochta
ETB	Bord Oideachais agus Oiliúna	RCS	Seirbhís na gCoimisinéirí um Chearta
FDI	Infheistíocht dhíreach eachtrach	SEAI	Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
FEMPI	Bearta éigeandála airgeadais ar son leas an phobail	SIPTU	An Ceardchumann Seirbhísí, Tionsclaíoch, Gairmiúil agus Teicniúil
HRA	Comhaontú Bhóthar Haddington	SLA	Comhaontú Seirbhíse
HRM	Bainistíocht acmhainní daonna	SME	Gnóthais Bheaga agus Mheánmhéide
HSE	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	SNA	Cúntóir riachtanas speisialta
IBOA	Comhlachas Banc Oifigeach Éireann	TD	Teachta Dála
ICTU	Comhdháil na gCeardchumann	TEEU	Ceardchumann Teicniúil, Innealtóireachta agus leictreachais
IMF	An Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta	UCD	An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
IPA	An Foras Riaracháin	WRC	An Coimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre
IR	Ionstraim Reachtúil		
IR	Caidreamh Oibreachais		

Clár na nÁbhar



Ráiteas Misin	2
Feidhm an Choimisiúin	3
Comhaltaí agus Oifigigh an Choimisiúin	4
Tuarascáil an Chathaoirligh 2014	5
Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh 2014	6
Caibidil 1	8
Mórfhorbairtí in 2014	8
Caibidil 2	17
Seirbhís an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais - Torthaí na Seirbhíse in 2014	17
An tSeirbhís Comhairliúcháin	19
Na Seirbhísí Idir-Réitigh, Eadrána agus Luath-réitigh	21
Seirbhís na gCoimisinéirí um Chearta	25
Seirbhísí Corparáideacha	29
Caibidil 3	31
Ráitis Airgeadais Iniúchta 2013	31
Ráitis Airgeadais Neamh-iniúchta 2014	44

Ráiteas Misin



“ Seirbhísí cuí, tráthúla agus éifeachtúla a chur ar fáil d’fhostóirí, do cheardchumannn agus d’fhostaithe le forbairt agus feabhas a chur ar ar bheartais, ar nósanna imeachta agus ar chleachtais i réimse an chaidrimh oibreachais in Éirinn a éascú.”



Feidhm an Choimisiúin

Déanann an Coimisiún an misean sin a chur ar aghaidh trí na seirbhísí seo a leanas a chur ar fáil:

- Seirbhís Idir-réitigh um Chaidreamh Oibreachais
- Seirbhís Comhairliúcháin um Chaidreamh Oibreachais
- Seirbhís Eadrána san Ionad Oibre
- Seirbhís na gCoimisinéirí um Chearta
- Cúnamh a thabhairt do na Comhchoistí Saothair agus do na Comhchomhairlí Tionscail lena gcuid feidhmeanna a chur i gcrích.

Déanann an Coimisiún gníomhaíochtaí eile forbartha a chur i gcrích chun feabhas a chur ar chleachtais chaidreamh oibreachais, amhail:

- Athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí i réimse an chaidrimh oibreachais
- Cóid chleachtais maidir le caidreamh oibreachais a ullmhú, i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta
- Taighde agus foilseacháin um chaidreamh oibreachais
- Seimineáir agus comhdhálacha a eagrú maidir le saincheisteanna bainistíochta caidrimh thionscail agus acmhainní daonna

Comhaltaí agus Oifigigh an Choimisiúin

Bord agus Príomhfheidhmeannach an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais 2014



Kieran Mulvey

*Príomhfheidhmeannach
An Coimisiúin um Chaidreamh
Oibreachais*



Breege O'Donoghue

*Cathaoirleach arna hainmniú ar an
mBord ag an Rialtas*



John Hennessy

*Cathaoirleach an Choiste Iniúchta
arna ainmniú ar an mBord ag
Cónaidhm Ghnólachtaí agus
Fhostóirí na hÉireann*



Peter McLoone

*Ball den Choiste Iniúchta
Arna ainmniú ar an mBord ag
Comhdháil na gCeardchumann
(ICTU)*



Brendan McGinty

*Ball den Choiste Iniúchta
Arna ainmniú ar an mBord ag
Cónaidhm Ghnólachtaí agus
Fhostóirí na hÉireann*



Fergus Whelan

*Arna ainmniú ar an mBord ag
Comhdháil na gCeardchumann*

Tuarascáil an Chathaoirligh 2014



Bhí Bord an Choimisiúin ag súil leis go mbeadh dul chun cinn maith déanta san Oireachtas ar achtú an Bhillle um Chaidreamh san Ionad Oibre, 2014 faoi dheireadh na bliana 2014. Níorbh amhlaidh a tharla agus, dá bhrí sin, tá síneadh curtha le sainordú an bhoird don bhliain 2015.

Ar feadh 2014, lean an Bord le hathbhreithniú dhéanamh ar an dul chun cinn ar chéimeanna forbartha an phróisis chun na gníomhaireachtaí reatha a chomhtháthú, i gcásanna cuí, d'fhormheas sé ábhair chorpáraideacha, foirne nó airgeadais a tháinig chun cinn agus thug sé barúlacha maidir le moltaí i dtaobh na n-athruithe atá le teacht i bhfeidhm.

Mar chuid den phróiseas, leanadh de na hoibleagáidí rialachais a chur i gcrích sa mhéid is a bhaineann siad le riachtanais iniúchóireachta, mhaoirseachta agus oibriúcháin Bhord an Choimisiúin faoi Rialacháin an Stáit, Cóid Chleachtais agus oibleagáidí rialachais chorpáraidigh.

Tionóladh Bord an Choimisiúin agus rinneadh plé leis an Aire maidir le dearcadh an Bhoird i dtaobh raon feidhme agus struchtúr an Choimisiúin um Chaidreamh san Ionad Oibre atá beartaithe don todhchaí.

Agus é ar an bhfód le ceithre bliana is fiche anuas, is eol don Bhord go bhfuil an-mheas ag an bpobal ar an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais agus go bhfuil an-cháil air. Léiríodh meon dearfach na n-oifigeach agus na mball foirne agus iad ag tabhairt faoina gcuid cúraimí Idir-Réitigh and Comhairliúcháin, mar Choimisinéirí Cearta agus sna gníomhaíochtaí taighde fheidhmigh.

Tá clú bainte amach ag an gCoimisiún as seirbhísí proifisiúnta réitigh díospóidí a chur ar fáil mar ghníomhaireacht Stáit tráthúil, rí-nuálach agus solúbtha.

Is minic a d'éirigh leis na díospóidí ba dhoréitithe, ba chosúil a réiteach, agus aithnítear é sin go forleathan.

Chuir an Coimisiún go mór le síocháin thionsclaíoch a choimeád agus na cuntais phoiblí a chobhsú in Earrach 2010 trí Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh.

Aithníonn an rialtas, fostóirí, ceardchumann agus a n-ionadaithe an ról neamhspleách atá ag an gCoimisiún.

Tá tionchar ag an méid sin ar ról na Seirbhíse Comhairliúcháin, an chaoi a nglactar le corpas na gCód Cleachtais, seirbhís sho-úsáidte na gCoimisinéirí um Chearta agus tionchar a Ráiteas Straitéise agus a taighde neamhspleách cheannródaíoch ar acmhainní daonna agus ar réiteach díospóidí le fiche bliain anuas.

Maidir leis an mBord féin, ionadaí ar son na gcomhpháirtithe sóisialta – an Rialtas, Fostóirí agus Ceardchumann – is fíorthábhachtach an ról atá aige lena chinntiú go bhfuil eolas, taithí agus comhairle den scoth ar fáil don Choimisiún agus cinnti á nglacadh aige. Is fíor é sin i gcás gach Bord de chuid an Choimisiúin ó bunaíodh é in 1991.

Agus seans ann, gurb í seo an Tuarascáil Bhliantúil dheireanach a fhoilseoimid – táthar ag súil go mbeidh an Coimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre faoi lán seoil san fhómhar 2015 – is mian liom ómós a thabhairt d'Iar-Chathaoirligh, d'Iar-Chomhaltaí an Bhoird, agus go háirithe do chomhaltaí reatha an Bhoird as a gcuid obair dhíograiseach le linn a dtréimhsí oifige faoi seach.

Ba mhaith liom an sean-bheannacht “ar dheis Dé go raibh a n-anamacha dílse” a chur in iúl d'Iar-Chomhaltaí an Bhoird go léir atá imithe ar shlí na fírinne.

Faoi dheireadh, is mian liom aitheantas a thabhairt d'obair an Phríomhfheidhmeannaigh agus na foirne atá aige sa Choimisiún. Is foireann den scoth iad agus is mór a chuir siad leis an tsíocháin thionsclaíoch a choimeád, le gnóthais agus seirbhísí Stáit a nuachóiriú agus le folláine eacnamaíoch na hÉireann a chinntiú le déanaí.

Breege O'Donoghue
Cathaoirleach
Meitheamh 2015

Athbhreithniú an Phríomh-Fheidhmeannaigh 2014



Is léiriú ar an bhfeabhas leantach atá ag teacht ar gheilleagar na hÉireann é an leibhéal gníomhaíochta sa mhargadh saothair.

Tar éis na mblianta cruatain a d'fhulaing muintir na hÉireann i réimse an airgeadais, an gheilleagair agus sa réimse sóisialta mar thoradh ar bhaincéireacht agus iasachtú meargánta agus beartais mheargánta eile le deich mbliana anuas, ba cheart go bhfálteofar roimh na torthaí feabhsaithe agus dearfacha.

Is mór a ghoill “an tréimhse dhéine” sin ar chaighdeán mhaireachtála mhuintir na hÉireann.

Bhí ról tábhachtach ag an gCoimisiún teacht ar chomhaontú idir an Rialtas agus ceardchumann na seirbhíse poiblí chun ardleibhéal cobhsaíochta a chinntiú maidir le caiteachas poiblí, pá agus costais phinsin a theorannú trí Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh agus Comhaontú Bhóthar Haddington. Thángthas ar na Comhaontuithe sin go saorálach, agus is cuid thábhachtach iad na comhaontuithe sin den chómhargáil i ngach seirbhís phoiblí agus tá moladh mór tuillte ag oibríthe na seirbhíse poiblí agus ag a gceannairí ceardchumann ar éirigh leo slí théarnaimh a chinntiú.

Sa bhreis ar theorannú costais, is gné thábhachtach de na comhaontuithe sin iad téarmaí na nósanna imeachta um dhíospóidí a réiteach, atá ina gceangal dlí. Chinntigh an méid sin síocháin thionsclaíoch sa tseirbhís phoiblí, tráth ina raibh corraíl thionsclaíoch ag dul i méid i dtíortha eile – idir thíortha a fhaigheann cúnaimh ón Triúracht agus tíortha nach bhfaigheann – le blianta beaga anuas, m.sh. sa Ghréig, sa Spáinn, sa Fhrainc, sa Ghearmáin agus sa Ríocht Aontaithe.

In 2014, thosaigh níos mó fostóirí ag dul i mbun idirbheartaíochta maidir le hardú pá dá bhfostaithe i gcomhaontuithe nua pá agus táirgeachta.

Thuairiscigh ceardchumann éagsúla, m.sh. SIPTU, Mandate, TEEU, UNITE, comhaontuithe pá idir 2% agus 3% don tréimhse sin. Leantar leis an leibhéal sin gníomhaíochta in 2015 agus tá a leithéid d'arduithe pá á gceadú i ngnóthais éagsúla idir ghnóthais Éireannacha agus ilnáisiúnta.

Leanadh leis an dul chun cinn a rinneadh ar an Dréachtbhille maidir le Coimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre le linn na bliana agus chuir an tAire Bille tábhachtach faoi bhráid an Oireachtais in Iúil 2014.

Léirítear athrú ollmhór ar struchtúr an chaidrimh oibreachais in Éirinn leis an mBille, agus beidh an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais, an Binse Comhionannais, an tÚdarás Náisiúnta um Chearta Fostaíochta agus feidhmeanna chéadchéime an Bhinse Achomhairc Fostaíochta comhtháite in aon chomhlacht amháin agus beidh cumhachtaí níos leithne achomhairc ag an gCúirt Oibreachais. Is iad sin na hathruithe is mó a rinneadh ar an gcóras réitigh díospóidí ó tugadh isteach an tAcht Caidrimh Thionscail, 1946, agus ó bunaíodh an Chúirt Oibreachais.

Tá grúpa ardleibhéal, ina bhfuil Cinn Gníomhaireachtaí agus bainisteoirí sinsearacha, ag obair go cruaithe bliain anuas d'fhonn an eagraíocht nua a ullmhú ionas go mbeidh sí éifeachtúil agus éifeachtach agus í faoi lán seoil.

Laghdú mór ar líon “quango” atá ann chomh maith, agus athchóiriú ar an tseirbhís phoiblí.

Agus an Coimisiún nua ar an bhfód, tá sé beartaithe Coimisiún nua reachtúil um Pá Íseal a bhunú chun déileáil le ceisteanna maidir le pá íosta.

Is é 2015 an bhliain dheireanach a bheidh an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais ag obair mar

atá faoi láthair. Beidh na feidhmeanna tábhachtacha go léir den Choimisiún faoi choimirce an Choimisiúin nua um Chaidreamh Oibreachais.

Ar bhonn pearsanta, is mian liom buíochas a ghabháil agus ómós a léiriú do na bainisteoirí agus na baill foirne uile atá ag obair liom le 25 bliana anuas, agus go háirithe na comhaltaí nach maireann a mbeidh cuimhne agam orthu go deo.

Is mian liom buíochas a ghabháil freisin le Cathaoirligh an Choimisiúin le linn na tréimhse sin, Dan McAuley nach maireann, Catherine Forde S.C., Catherine Murphy, Maurice Cashell agus an Cathaoirleach reatha Breege O'Donoghue. Bhí caidreamh oibre den scoth eadrainn go léir, rud a chinntigh go raibh muinín ag an Rialtas agus na comhpháirtithe sóisialta asainn i gcónaí agus go raibh clú orainn i measc an phobail mar ghníomhaireacht dhearfach inniúil de chuid an Stáit.



Kieran Mulvey
Príomhfheidhmeannach
Meitheamh 2015

Caibidil 1

Mórfhorbairtí in 2014



Réamhrá

Ní mór caidrimh oibreachais in 2014 a thuiscint i gcomhthéacs ionchais eacnamaíoch atá ag dul i bhfeabhas, fás suntasach ar fhostaíocht, cobhsaíocht leantach san earnáil phoiblí, arduithe réasúnta pá san earnáil phríobháideach, méadú ar ghníomhaíocht thionsclaíoch (de bharr dhíospóid Cheardchumann na Múinteoirí/Curaclam an Teastais Shóisearaigh), athchóiriú tionsclaíoch leantach, forbairtí tábhachtacha dlíthiúla agus iarracht leanúnach chun dul chun cinn a dhéanamh ar athchóiriú caidrimh san ionad oibre, ar thug Richard Burton TD, an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta isteach.

Cé go bhfuil tionchar ag an ngéarchéim, a thosaigh sé bliana ó shin, ar chaidreamh oibreachais in Éirinn, tá téarnamh ag teacht diaidh ar ndiaidh agus faoi dheireadh na bliana 2014, ba chosúil go raibh an téarnamh seo ag neartú. Dá bharr sin, tháinig athrú ar mhianaidhmeanna na n-oibrithe go ginearálta, ní raibh meon maireachtála acu, a thuilleadh, agus bhí ionchas níos fearr acu. Ní raibh mórán brú ann maidir le pá ag deireadh na bliana, ach gur soiléir é áfach gurb í 2014 an bhliain dheireanach den tréimhse dá ngairtear 'tréimhse na déine', agus táthar ag súil go réiteofar an bealach i dtreo téarnaimh níos inbhuanaithe in 2015.

Tháinig méadú ar an éileamh ar shaothar in 2014 de réir mar a d'fhás an geilleagar agus de réir mar a thit an ráta dífhostaíochta de bharr na bpost nua a tháinig chun cinn. Ag an am céanna, léirigh staitisticí an CSO gur cailleadh 44,015 lá oibre san iomlán de bharr ar ghníomhaíocht thionsclaíoch in 2014, is é sin an dara figiúr is airde ar an taifead le 13 bliana anuas. Is í díospóid na múinteoirí, díospóid nach mbaineann le caidreamh oibreachais an chúis atá leis sin.

Ba é 2014 an chéad bhliain iomlán ó 2010 nach raibh an tír faoi mhaoirseacht dhíreach ó Thriúracht an AE, ón mBanc Ceannais Eorpach agus ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, bhí tuilleadh roghanna ag an rialtas, agus ag an am céanna, bhí an pobal ag súil le tuilleadh athruithe don seachtú bliain ó thosaigh an ghéarchéim in 2008.

Lean an rialtas lena bheartas maidir le "Comhphlé Sóisialta" a dhéanamh, ar bhonn caidreamh dépháirteach seachas caidreamh trípháirteach idir na comhpháirte sóisialta is tábhachtaí. Bhí an rialtas agus na ranna rialtais i dteagmháil leis na príomhpháirte sóisialta, IBEC agus ICTU, in ionad na socraíochtaí trípháirteachaa bhí ann roimhe seo, maidir le "comhpháirtíocht shóisialta".

Seasmhacht na hearnála poiblí

Is é Comhaontú Bhóthar Haddington 2013-2016 (HRA) an bunús le rialú caidrimh oibreachais san **earnáil phoiblí**. Ghlac gach ceardchumann leis an gcomhaontú sin seachas comhlacht nach ball d'ICTU é, is é sin Comhlachas Chomhairleoirí Ospidéal na hÉireann.

Chinntigh an HRA seasmhacht le linn na bliana, agus d'fheidhmigh na nósanna imeachta ceangailteacha um réiteach díospóidí go héifeachtúil i bhformhór na gcásanna agus táthar ag leanúint le hathrú agus le hathchóiriú de réir mar a gealladh faoin HRA agus faoi hlar-Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh, gan teacht ar aon mhórdhíospóid.

Ach níor léirigh ceardchumainn na seirbhíse poiblí go lainseálfaidís éilimh maidir le pá in 2015 sula rachaidh an comhaontú as feidhm in 2016 má bhaintear amach na spriocanna cánach níos luaithe. Sa cháinainéis i Mí na Nollag (Cáinainéis 2015), léirigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go n-éistfeadh sé le héilimh um méadú pá má bhaintear amach na spriocanna buiséid agus cánach.

Mar sin, b'eol do na comhpháirtithe sóisialta ag deireadh na bliana go mbeadh deireadh leis na cáinainéisí "déine" tar éis an chinn dheireanaigh in 2014 – i ndiaidh sé cháinainéis leantacha dá leithéid.

San **earnáil phríobháideach**, ba é an nós a bhí ann in 2013 ná méadú íseal i bhfigiúr amháin a fheiceáil i gcónaí in earnálacha áirithe, ach faoi dheireadh 2014, bhí méideanna thart ar 2% le feiceáil ní amháin i réimsí áirithe amhail cógaisíocht agus táirgí cúraim sláinte, ach san earnáil mhiondíola chomh maith agus san earnáil foirgníochta a bhí trína chéile ar fad leis an gcúlú eacnamaíochta agus bhí téarnamh le brath i gcodanna den earnáil sin le himeacht na bliana. In anailís ar shocruithe pá san earnáil phríobháideach a foilsíodh san iris Industrial Relations News (IRN), tugadh faoi deara go bhfuil margáil áitiúil san earnáil phríobháideach "dea-bhunaithe anois ar bhonn níos forleithne, ní amháin sna hearnálacha inar tháinig sí chun cinn in 2011 den chéad uair, as na seanstruchtúir margála pá náisiúnta". Choimeád ICTU agus IBEC na "Prótacaíl" saorálacha a d'aontaigh siad le chéile maidir le bainistíocht éileamh pá, ina socraíonn na cuideachtaí agus na ceardchumainn, a bhfuil ina mball díobh ar nósanna imeachta um réiteach díospóidí a leanúint ar bhonn neamhfhoirmiúil, lena n-áirítear díospóidí a chur faoi bhráid an LRC agus na Cúirte Oibreachais.

Léirigh anailís phá a rinne an ERSI in Éirinn gur seachnaíodh ciorruithe pá san earnáil phríobháideach

go formhór le linn na géarchéime agus gurbh fhearr le bainisteoirí dul i muinín bearta eile laghdaithe costais, amhail laghdú ar líon na mball foirne, ar na huaireanta oibre agus ar íocaíochtaí bónaís. Tá an toradh sin ar aon dul leis an taighde idirnáisiúnta a léirigh "gur cinneadh an-neamhghnách é do chuideachtaí ciorruithe pá a dhéanamh, fiú tar éis suaite dá leithéid."

Thug an ESRI le tuiscint gur chosúil go raibh eagla ann go dtiocfadh laghdú ar mhonatóireacht de bharr "misneach níos laige, méadú ar chostais mhaoirseachta agus/nó rátaí láimhdeachais níos airde" agus gurb í seo an chúis thábhachtach maidir le ciorruithe pá a sheachaint. Bhí léiriú breise ar na torthaí sin san fhianaise a bhailigh an Coimisiún mar chuid dá thaighde féin maidir le hAcmhainní Daonna a Bhainistiú sa Chúilú Eacnamaíochta" (Staidéar le Roche/Teague).

Beartas agus forbairtí maidir le pá san earnáil poiblí

Tar éis gearradh siar ar phá, ar bhall foirne agus ar earcaíocht sa tseirbhís poiblí arb éigean do na rialtais éagsúla a ghlacadh ó thosaigh an ghéarchéim in 2008, tugadh le fios in 2014 gurbh í sin an bhliain dheireanach a mbeidh laghdaithe costais ann, cé go mbeifear ag díriú i gcónaí agus go dian ar éifeachtúlacht agus athchóiriú. I Mí an Mhárta, dúirt an Rúnáí Cúnta sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Oonagh Buckley le comhdháil bhliantúil Industrial Relations News (IRN) i mBaile Átha Cliath nach leanfar leis an reachtaíocht éigeandála FEMPI (Bearta Éigeandála Airgeadais ar mhaithe le leas an phobail) mura maireann na cúinsí éigeandála. "B'fhearr cinntí a ghlacadh chun éirí as an staid chasta go tráthúil". Ach chuir sí fainic ar an gcomhdháil go bhféadfadh gnéithe áirithe den reachtaíocht a bheith tábhachtach mar bhunús le beartas pá don todhchaí.

Go luath tar éis focal an Bhean Uasal Buckley, thosaigh ceardchumainn na seirbhíse poiblí ag déanamh beart chun éilimh phá a chur isteach roimh an dul as feidhm foirmiúil den an HRA in Iúil 2016. Scríobh Cathaoirleach Choiste na Seirbhísí Poiblí, Tom Geraghty chuig Paul Reid, a bhí ina Cheann Oifige "Athchóiriú agus Soláthar", lena rá leis: "Measaimid gur tábhachtach é an rún atá againn a sceitheadh maidir leis an méid a dhéanaimid má mheasaimid go bhfuil feabhas ar an airgeadas poiblí faoi réim sínte Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí". Go háirithe, dúirt an tUasal Geraghty go raibh imní orthu "go bhféadfaí mímhacántacht a chur i leith na hoifige, mura mbeadh sé soiléir cad a bhí ar intinn acu. "

Chuir an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Brendan Howlin deireadh leis an moratóir iomlán ar earcaíocht san óráid cáinainéise a thug sé i Mí Mheán

Fómhair. Ní amháin go gceapfar múinteoirí agus Gardaí nua, gheall sé go dtosófaí arís ar earcaíocht sa státseirbhís. “Ní mór dúinn deiseanna a thabhairt do dhaoine poist a ghlacadh sa tseirbhís phoiblí. Seo deireadh leis an moratóir ar earcaíocht ach ar bhealach dírithe”, arsa an tAire.

Tá laghdú 10% déanta ar líon na mball foirne sa tseirbhís phoiblí ó 2008 (ó 320,000 go 287,000), rud a bhí an-tábhachtach chun an párolla san earnáil phoiblí a laghdú ó €17.4bn ag tús an chúlaithe eacnamaíochta go €14.1bn in 2014. Léiríonn meastacháin le haghaidh 2015, a fhoilsítear an lá a foilsíodh an cháinainéis, go dtiocfaidh méadú ar phárolla na seirbhíse poiblí (comhlán) ó €14,519m in 2014 go €14,813m in 2015 de réir meastacháin – méadú de 2%. Sa Tuarascáil Chuimsitheach ar Chaiteachas 2015-2017a foilsíodh in, i dteannta le Cáinainéis 2015, rinne an tAire Howlin tagairt do chúiseanna áirithe brú ar chaiteachas sna trí bliana atá le teacht, brú déimeagrafach san áireamh: “Agus an daonra ag fás aníos agus ag dul in aois, beidh gá le daoine a fhosú chun líon níos mó leanaí a mhúineadh agus aire a thabhairt do líon níos mó de dhaoine aosta. Tá líon níos mó státseirbhíseach ag druidim leis an aois scoir agus ag maireachtáil ar feadh tréimhsí níos faide tar éis dóibh éirí as an bhfostaíocht. Mar sin, beidh méadú nádúrtha ar chostas iomlán bliantúil na bpinsean”, a mhínigh sé.

Gníomhaíocht Thionsclaíoch

Léiríonn staitisticí de chuid an CSO gur cailleadh 44,015 lá oibre de bharr gníomhaíochta tionsclaíche, sin an líon is mó le 13 bliana anuas. Bhí 33,665 oibrí páirteach i ngníomhaíocht thionsclaíoch in 11 dhíospóid. Maidir le laethanta oibre a cailleadh, ba í stailc na gceardchumann do mhúinteoirí meánscoile an ASTI agus an TUI an stailc aonair is mó. Bhí siad i gcoinne pleananna athchóirithe an rialtais maidir leis an teastas sóisearach.

Bhí díospóid agus stailc i ngnóthas dramhaíola, Greyhound Recycling and Recovery, a mhair 14 seachtaine.

Glacadh gníomhaíocht thionsclaíoch i mBord na Móna (Boora), Institiúid Tyndall, Iarnróid Éireann, JJ Rhatigan, Aer Lingus agus sa Ghailleará Náisiúnta.

Thángthas ar réiteach ar an díospóid Greyhound i Mí Mheán Fómhair, agus glacadh comhaontú ina raibh ciorrú pá, téarmaí ceannaithe thar barr amach agus réiteach difhostaithe do bheagnach 90 oibrí.

Tháinig Greyhound, SIPTU agus ionadaithe dlíthiúla ar an gcomhaontú tar éis babhta deireanach pléití de bharr thionscnamh imeachtaí forghníomhaithe ordú na

hArdchúirte. Íocadh 4 seachtaine pá le gach ball foirne difhostaithe in aghaidh na bliana oibre.

Maidir leo siúd a fhillfidh ar an obair faoi théarmaí agus coinníollacha nua, íocfar suim arb ionann é agus 30% den íocaíocht inioctha le baill foirne atá ag éirí as a bpost.

Treocht “imníoch”

Ba chúis “imní” don Chúirt Oibreachais í díospóid idir Seirbhísí Pobail an Chabháin agus Mhuineacháin agus SIPTU. Is seirbhís phobail a fhaigheann maoiniú poiblí é an fostóir, seirbhís a dhiúltaigh comhoibriú le córas an Stáit um dhíospóidí a réiteach. Sin cás amháin i measc líon beag cásanna in 2014 a léiríonn treocht níos coitianta san earnáil phoiblí.

Tháinig cás an Chabháin agus Mhuineacháin chun cinn tar éis cás eile os comhair na Cúirte Oibreachais idir Cumann Alzhiemer agus an ceardchumann IMPACT. Sa dá chás, dhiúltaigh na heagraíochtaí sin a fhaigheann maoiniú substaintiúil poiblí comhoibriú leis an gCúirt Oibreachais, agus shocraigh siad gan dul i mbun cómhargála.

I gcás Chumann Alzheimer, arna maoiniú ag an FSS, dhiúltaigh bainisteoirí le moladh ón gCúirt Oibreachais maidir le hiomarcaíocht fheabhsaithe a chur i bhfeidhm i leith ceathrar fostaithe sinsearacha. Dúirt an Cumann go raibh “meas” aige ar an gCúirt Oibreachais, ach nárbh fhéidir leis freastal ar an éisteacht, agus nárbh fhéidir leis an cinneadh a chur i bhfeidhm. Ina theannta sin, dúirt an Cumann leis an gceardchumann nach mbíonn sé ag plé le fostaithe ar bhonn “comhchoiteann” agus gurbh fhearr leis caidreamh “duine ar dhuine” a bheith aige leis an bhfórsa oibre.

Tá fianaise mhaith ann go bhfuil glacadh leis an gcur chuige go coitianta sin maidir le cómhargáil i réimsí áirithe den earnáil phríobháideach, ach níor dhiúltaigh comhlachtaí a fhaigheann maoiniú poiblí teacht os comhair an LRC nó na Cúirte Oibreachais, agus rinne siad iarracht cloí leis na Moltaí a rinneadh.

Ag an am céanna, mhol an Chúirt Oibreachais do Unilever, monaróir ilnáisiúnta bia agus dí, caidreamh le SIPTU a mhair 30 bliain roimhe seo, a athbhunú.

Dúirt an chuideachta leis an LRC go raibh rún aici déileáil le líon áirithe oibríthe go díreach, seachas tríd an gceardchumann. Tháinig an cheist chun cinn nuair a dúradh le triúr ball foirne díolacháin allamuigh go gcuirfí ar iomarcaíocht iad go luath.

Dúirt SIPTU nach ndeachaigh an chuideachta i gcomhairle leis, rud a bhí “neamhghnách amach is amach ós rud é go rabhthas i gcomhairle leis i gcónaí

sna blianta roimhe”. Níor fhreastail Unilever ar an éisteacht faoi Alt 20(1) den Acht Caidrimh Thionscail, agus bhí an ceardchumann faoi cheangal an chinnidh sin.

Dúirt an Chúirt: *“Sna cúinsí sin, ní fheictear aon chúis don Chúirt nach leanfar leis an gcaidreamh, go háirithe go bhfuil stair chaidreamh oibreachais sheasmhaigh ann a théann chun sochair do chách”*. Dúirt an Chúirt gur ceart do na bainisteoirí an caidreamh oibre leis an gceardchumann a athbhunú (LCR20826)

Struchtúr an Choimisiúin nua Caidrimh Oibre (WRC)

Foilsíodh an Bille nua um Chaidreamh san Ionad Oibre, d’fhonn an Coimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre (WRC) a bhunú agus chun an LRC, EAT, NERA agus an Bhinse Chomhionannais a dhíscaoileadh.

Bhí formhór na dtréithe deartha den Choimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre ar eolas le tamall. Cuirfidh an WRC seirbhísí luath-réitigh, idir-réitigh, comhairliúcháin, eadrána, breithiúnais, cigireachta agus seirbhísí forfheidhmithe ar fáil. Déileálfadh an WRC le cásanna chéadchéime. Déileálfadh Cúirt Oibreachais athchóirithe le gach achomhairc. Beidh ceannaire amháin ar an eagraíocht, sin Ard-Stiúrthóir a cheapfar ar feadh tréimhse chúig bliana, ach féadfaidh an tAire é a cheapadh arís ar feadh tréimhse eile de chúig bliana, ach ní féidir leis fanacht sa phost níos faide ná deich mbliana.

Ceapadh Príomhfheidhmeannach an LRC, Kieran Mulvey mar Ard-Stiúrthóir Ainmnithe an Choimisiúin um Chaidreamh san Ionad Oibre.

Cuirfidh oifigigh réitigh cáis agus eadrána malairt modhanna ar fáil chun díospóidí a réiteach in ionad freastail ar éisteacht. Úsáidtear na seirbhísí sin ar bhonn saorálach agus beidh an ceart ag na páirtithe i gcónaí cigireacht nó éisteacht a fháil. Bíonn gach réiteach trí na seirbhísí seo faoi rún idir na páirtithe. Roghnófar breithneoirí ó na Coimisinéirí um Chearta agus ó na hOifigigh Chomhionannais atá ann cheana. Faoi dheireadh 2014, cuireadh painéal seachtrach Breithneoirí le chéile, a úsáidtear ar bhonn laethúil, trí chomórtas oscailte. Is í an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS) a bheidh i gceannas ar an riarachán.

Ní mór a thabhairt faoi deara go n-aistrefar gach feidhm de chuid an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais chuig an gCoimisiún nua um Chaidreamh san Ionad Oibre.

Beidh ceithre rannán sa Chúirt Oibreachais, mar chomhlacht achomhairc aonair, seachas trí chinn. Beidh dhá phost Leas-Chathaoirligh nua agus dhá phost do chomhaltaí nua. Is í an tSeirbhís um

Cheapacháin Phoiblí (PAS) a cheapfaidh an Cathaoirleach agus an Leas-Chathaoirleach. Reáchtálfar éisteachtaí sa Chúirt Oibreachais ar bhonn “de novo” agus go poiblí, ach amháin má tá saincheisteanna íogaire nó rúnda i gceist.

Leanfaidh EAT ag obair tar éis bhunú an WRC, chun “déileáil le gach seanghearán agus achomharc chéadchéime a rinneadh roimh an dáta ar bunaíodh an WRC”. Leis seo, ligfear do pháirtithe a bhfuil “ionchas dlísteanaigh acu go ndéileálfar leis an gcás os comhair Bhinse thrípháirtigh, in éisteacht phoiblí agus de réir an leibhéil fhoirmeáltachta a chuireann an EAT i bhfeidhm faoi láthair”. Meastar go ndéileálfar leis na cásanna sin i gceann bliain amháin, nó i gceann dhá bhliain.

Cuirfidh Cigirí an WRC na feidhmeanna comhlíonta agus cigireachta i gcrích (feidhmeanna atá faoin NERA faoi láthair). Beidh bearta éagsúla comhlíonta i bhfeidhm, lena n-áirítear fógraí comhlíonta agus fógraí pionóis lena ngabhann muirear seasta. Mura ngéilleann na páirtithe don mhéid sin, féadfaidh an Chúirt Chuarda ordú ceangailteach a eisiúint, agus mura ngéilleann na páirtithe don ordú seo, coir in-ionchúisithe a bheidh ann. Glacadh tionscnamh comhlíonta freisin chun comhoibriú idir Stáit maidir le comhlíonadh a chothú. Roimhe seo bhí fadhbanna a bhí comhlíonadh a fháil ó chonraitheoirí a maidir le i dTuaisceart Éireann ach a bhí ag obair in Éirinn, a chinntiú.

Dar le Príomhfheidhmeannach an LRC agus Ard-Stiúrthóir Ainmnithe an WRC, Kieran Mulvey, is athruithe “réabhlóideacha” iad, agus tá “athruithe iontacha” ar bun i gcaidreamh oibreachais in Éirinn. Dúirt Cathaoirleach na Cúirte Oibreachais, Kevin Duffy, go mbeidh “tionchar domhain” ag an mBille um Chaidreamh san Ionad Oibre ar an gcóras um dhíospóidí a réiteach. “Is iomaí dúshlán a bheidh i gceist agus beidh an struchtúr ginearálta an-difriúil. Tá súil agam go mbeimid maith go leor chuige agus go bhféadfaimid seirbhís ar an gcaighdeán céanna a chur ar fáil ó bunaíodh an Chúirt go dtí seo” arsa an tUasal Duffy.

Lena linn sin, d’fhógair an Rialtas ceapachán den Aire “Sár-Sóisearach” Gnó agus Fiontar, Ged Nash, a bheidh ag plé le saincheisteanna oibreachais, amhail tabhairt isteach reachtaíochta cómhargála agus bunú den Choimisiún Pá Ísil. Maidir leis an taobh gnó de dhualgais an Aire nua, díreofar ar bhearta chun tacú le gnóthais bheaga, seachas infheistíocht dhíreach eachtrach. I measc na mbearta sin, díreofar ar rochtain FBManna ar chreidmheas, chomh maith le hinfeistíocht chun borradh a chur faoin ngeilleagar intíre, nach bhfuil ag fás chomh tapa is a bhfuil an earnáil easpórtála.

Reachtaíocht cómhargála

D'fhógair an Rialtas moltaí maidir le cearta fostaithe chun dul i mbun cómhargála chun gealltanais sonracha sa Chomhchlár Rialtais a chomhlíonadh. Dúirt an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, Richard Bruton, gur “creat feabhsaithe nua-aimseartha don chaidreamh oibreachais atá níos soiléire d’fhostóirí agus níos éifeachtaí d’oibrithé” atá san Acht Caidrimh Thionscail (Leasú) 2001”. Tá an t-athchóiriú mar chuid de chlár nuachóirithe gnó de chuid an Aire, agus dúirt sé go bhfuil “ollchóiriú déanta ar bheartas, gníomhaireachtaí agus ar an reachtaíocht le trí bliana anuas”. Dúirt an tAire Bruton gur “modh soiléir agus cothrom atá sa reachtaíocht chun cothroime coinníollacha oibre na n-oibrithé a mheas ina hiomláine i gcásanna nach bhfuil cómhargáil i bhfeidhm. Féadfaidh fostóirí an t-ionad oibre a bhainistiú ar bhonn soiléir agus cinntitheach sna blianta amach romhainn.

D’eascair na tograí as próiseas fada comhairliúcháin leis na geallsealbhóirí. I measc na bpríomhfhóralacha, bhí: sainmhíniú ar “cómhargáil”; fóralacha chun cabhrú leis an gCúirt Oibreachais neamhspleáchas na gcomhlachtaí inmheánacha margála a fhiosrú; soiléireacht a chinntiú maidir leis na riachtanais nach mór do cheardchumann a chomhlíonadh agus éileamh á dhéanamh acu; beartais agus prionsabal a leagan amach don Chúirt Oibreachais; bearta lena chinntiú go ndéantar pá, téarmaí agus coinníollacha a bhreithniú ina n-íomláine; agus cosaint fheabhsaithe a thabhairt d’oibrithé a mheasann go bhfuil géarleanúint á déanamh orthu mar gheall go bhfeidhmíonn siad a gcuid cearta.

Comhaontuithe Tábhachtacha

Bord Gáis: Thángthas ar chomhaontú le cúnamh ón LRC maidir le príobháidíú an rannáin fuinnimh de Bhord Gáis, lena n-áirítear leachtú na scéime scaireanna d’fhostaithe, íocaíochtaí cúitimh ex-gratia, scéimeanna pinsin “scátháin” agus gealltanais maidir le gnóthais a aistriú. Caomhnófar gach comhaontú comhchoiteann eile nuair a aistreofar úinéireacht, agus tá clásal a shonraíonn nach bhféadfadh iomarcaíocht éigeantach a bheith mar chuid d’aon athrú sa todhchá. Beidh an scéim nua pinsin le sochar sainithe mar an gcéanna “i ngach gné ábharach” le scéim pinsin le sochar sainithe de chuid Bord Gáis a bhí ann roimhe seo. Beidh an pinsean céanna ag na fostaithe is a mbeadh acu dá bhfanfaidís i Scéim Bhord Gáis go dtí go ndeachaigh siad ar scoir, go deireadh a saol, nó go deireadh a seirbhíse. Ina éagmais sin, bheadh na sochair phinsin difriúil dóibh siúd a d’aistrigh chuig na cuideachtaí, an difríocht idir an tuarastal deiridh sa cuideachta nua agus an tuarastal a bhí ag na daoine a aistríodh go cuideachtaí eile tráth dhíolacháin Bord Gáis, i dtaca leis na blianta caite i mBord Gáis roimhe sin. Cé gur cuireadh i bhfeidhm gach fóráil sa rialachán

maidir le haistriú gnóthais i leith na mball foirne a aistríodh chuig gnóthas na n-úinéirí nua, bhí gá tagairt shonrach a dhéanamh do phinsin, toisc nach n-aistrítear pinsin sa ghnáthchúrsa faoi na rialacháin sin.

IBRC: Ba é Príomhfheidhmeannach an LRC, Kieran Mulvey féin a bhain comhaontú amach ar son fhostaithe an IBRC a bhí le cur ar iomarcaíocht éigeantach. D’iarr an Rialtas agus Comhdháil na gCeardchumann ar an bPríomhfheidhmeannach eadráin a dhéanamh chun teacht ar réiteach tar éis agóid a rinne Comhlachas Banc Oifigeach Éireann ar eagla nach mbeadh ach pacáiste iomarcaíochta reachtúla ag na baill foirne difhostaithe, agus iad ag lorg an gnáthphacáiste iomarcaíochta saorálaí de chuid na seirbhíse poiblí. Faoin gcomhaontú, a rinneadh le formheas ón leachtaitheoir, rinneadh íocaíocht foirceanta le baill foirne a thuilleann níos lú ná €120,000 sa bhliain ar bhun fhad a gcuid seirbhíse leis an IBRC nó lena réamhthachtaithe, Cumann Foirgníochta Forleiththeadach na hÉireann nó Banc Angla-Éireannach.

Liebherr Container Cranes: Thángthas ar réiteach ar dhíospóid dheacair phá ag an monarcha Liebherr i gCill Airne atá ann le fada an lá, ar bhonn na dtéarmaí leasaithe a cheap Ceann Idir-Réitigh an LRC, Kevin Foley. Díospóid dhoiligh a bhí ann de bharr thábhacht na monarchan don fhostaíocht sa cheantar. Faoin réiteach, fuair baill SIPTU ardú pá 2.5%, dátaithe siar go dtí an 2 Bealtaine 2012, de réir mar a fhoráiltear i Moladh de chuid na Cúirte Oibreachais i Nollaig 2013. Ní raibh drogall ar an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta “droch-chaidreamh oibreachais na monarchan le déanaí” a cháineadh, ach dhiúltaigh sé rannpháirtíocht dhíreach an Rialtais, ar eagla go mbeadh an díospóid ina hábhar polaitiúil dá ndéanaí amhlaidh.

Bausch + Lomb: I bPort Láirge, sábháladh 900 post in Bausch + Lomb le cúnamh ó Kevin Foley agus Anna Perry ón LRC – bhí cinneadh déanta ag úinéirí nua an mhonaróra lionsaí atá ann le fada, Valeant, cuideachta atá bunaithe i gCeanada, laghduithe suntasacha costais a dhéanamh, agus ciorruithe ar bhunphá ina measc. Faoin gcomhaontú, d’éirigh leis na bainisteoirí an chuid is mó de na spriocanna a bhaint amach chun laghdú costais €20 milliún euro a dhéanamh, agus d’éirigh leis na ceardchumann cúiteamh suntasach cnapshuimeanna a bhaint amach, chomh maith le deiseanna íocaíochtaí as na coigilteas a rinneadh, agus tacaíocht leanúnach don scéim pinsin sochair shainithe. Ós rud é gur ghlac an 800 ball de SIPTU agus an 90 ball den TEEU leis an gcomhaontú, tá todhchá na monarchan slán go ceann tamaill. Ceithre mhí ina dhiaidh sin, sheas an cuideachta leis an ngealltanais chun €40m a infheistiú sa mhonarcha. Cé

go raibh coigilteas mór costais i gceist, d'aontaigh an ceardchumann go raibh na húinéirí nua ag éisteacht leo agus nach raibh gráin ídé-eolaíochta acu ar cheardchumann.

Pfizer Rinn an Scidigh: Ag an monarcha atá lonnaithe i gCorcaigh, ghlac bainisteoirí agus ceardchumann le comhaontú “athchóirithe” agus sábháladh 100 post, a bhíodhas le scríosadh dhá bhliain roimhe sin. Ar bhonn plean gnó athbhreithnithe, lena mbaineann comhaontuithe tábhachtacha ceardchumann, athchóiriú ar an eagraíocht agus ionad nua taighde agus forbartha, coimeádadh 100 as na 130 post a bhí geallta d'iomarcaíocht. An fhadhb is mó a bhí ann ná deireadh na tréimhse “drugáí mórílimh” in 2012. Ach chinntigh líon beag drugáí ardéilimh sláine airgeadais na monarchan tar éis dhul as feidhm na bpaitinní sin.

Waterford Crystal: Bhain Príomhfheidhmeannach an LRC, Kieran Mulvey, réiteach nuálach amach do 1,774 iar-oibríthe Waterford Crystal, agus cuireadh deireadh leis an achrann dlí a mhair sé bliana. Ar an meán, fuair na hiarfhostaithe 80% den teidíocht a bhí acu.

Bhí coigilteas i gceist don Rialtas leis an gComhaontú sin, ós rud é go mbeadh costais níos mó i gceist le díospóid níos faide sna cúirteanna. Seachnaíodh tarchur eile chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, cé gur cuireadh an cás os comhair na Cúirte Eorpaí cheana – den chéad uair in 2010. Bristear síos costas iomlán an réitigh de €178 milliún i €41 milliún i gcnapshuimeanna agus íocfar an chuid eile mar íocaíochtaí pinsin sna blianta amach anseo. Ní raibh aon dul as íocaíocht éigin leis na hoibríthe tar éis bhreithiúnais de chuid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh in Aibreán 2013, ina dúradh nár trasuigh Rialtas na hÉireann Treoir an AE maidir le dóacmhainneacht i gceart, agus nach raibh cosaint ar fáil i gcásanna dóacmhainneacht dubailte. I gcás inar thug baill de chiste pinsin (Robins) sa Ríocht Aontaithe cás os comhair na Cúirte Eorpaí, chinn an Chúirt go raibh an chosaint dá bhforáiltear faoin scéim – 49% - ró-íseal. Ar bhonn an chinnidh sin, chuir an Ríocht Aontaithe scéim cosanta 90% ar bun, agus ní dhearnadh agóid dhlíthiúil ina thaobh go dtí seo.

Banc na hÉireann: Moladh ardú pá iomlán de 3.75%, chomh maith le híocaíocht cnapshuime 5% den tuarastal bliantúil, agus ghlac suas le 12,000 fostaithe Bhanc na hÉireann leis chun cabhrú le tabhairt isteach “Creat Gairme Bearta agus Luaíochta”. Dúirt Ard-Rúnaí ceardchumann na n-oifigeach bainc, IBOA go dtabharfadh an t-ardú pá i mBanc na hÉireann – an chéad cheann le sé bliana anuas – sampla d'institiúidí eile airgeadais “atá ag déanamh brabúis arís agus a bhfuil ceisteanna den sórt sin ag teacht chun cinn

maidir le struchtúir ghairme agus luaíochta dá bhfostaithe tar éis athruithe cuimsitheacha atá tagtha ar an earnáil ó thús na géarchéime baincfeachta”

Uisce Éireann: Cuireadh i gcrích an comhaontú seirbhíse maidir le soláthar seirbhísí uisce ó fhostaithe na n-údarás áitiúil le haghaidh Uisce Éireann, agus ghlac na húdarás áitiúla le comhaontuithe 12 bliain. Beidh reo pá i bhfeidhm in Uisce Éireann chomh maith go dtí 2016. Tá an córas pá in Uisce Éireann bunaithe ar mhúnla pá athchóirithe Bhord Gáis Éireann, tá deireadh leis na scálaí pá incriminteacha, múnla traidisiúnta nach bhfuil chomh solúbtha le pá atá bunaithe ar fheidhmíocht agus ar chúinsí an mhargaidh. Cáineadh an tionscnamh nuálach sin sna meáin, cuireadh ina leith gur “cultúr na mbónas” a bhí ann, cultúr a raibh drochmheas uirthi le linn na géarchéime. Maidir le líon na mball foirne, tá sé sin le leagan amach i ngach comhaontú seirbhíse, de réir pleananna bliantúla seirbhíse na Comhairle (ASPanna). Ní mór d'aon athruithe a dhéanfar amach anseo ar líon na n-oibríthe sna húdarás áitiúla atá i mbun seirbhísí ar son Uisce Éireann a bheith ag teacht le Comhaontuithe náisiúnta na Seirbhíse Poiblí.

Rinneadh cáineadh dian ar an gcuideachta agus ar a bunaíocht, ar na córais íocaíochtaí, ar líon na mball foirne agus ar na hathruithe molta, sna meáin, san Oireachtas agus faoi dheireadh in agóidí sa tsráid. Rinne an Rialtas athruithe suntasacha maidir le muirear teaghlaigh, agus fágadh na comhaontuithe caidrimh oibreachais mar a bhí.

Forbairtí eile Suntasacha IR agus sa Dlí Fostaíochta

Cás na nIontaobhaithe Pinsin: Dhiúltaigh an Ardchúirt cás na mball de scéim pinsin in Element Six, an gnóthas ilnáisiúnta, go mba cheart d'iontaobhaithe tuilleadh airgid a éileamh ón gcuideachta maidir le heasnamh sa scéim le sochar sainithe, atá á dúnadh. Dúirt an Breitheamh Charleton gur ghníomhaigh na hiontaobhaithe ar son leasa bhaill na scéime pinsin de mheon macánta, nach raibh coinbhleacht leasa i gceist, tar éis measúnú a dhéanamh ar na cúinsí agus gach fiosrú réasúnta a dhéanamh. Ach dúirt an Breitheamh, maidir leis an mbainistíocht áitiúil gur “léirigh an dá oifigeach feidhmeannach fir sa chuideachta sa tSionainn easpa éirime mothúchánaí, agus iad dírithe go hiomlán ar an airgead seachas ar an duine”.

Dúirt an Breitheamh Charleton “nach mór a chuimhneamh gur daoine beo atá ag maireachtáil” iad baill de scéimeanna pinsin, agus riachtanais acu “obair agus cobhsaíocht san fhostaíocht agus sa bhaile”. B'fhéidir go mbeadh tuilleadh airgid faighte ag an 173 ball gníomhach, dá mba rud é nach raibh ann sna

bagairtí a rinne an chuideachta, maidir leis an scéim a dhúnadh, ach cur i gcéill, ach “dá mba rud é nach cur i gcéill a bhí ann, chaillfí poist agus an deis chun tuilleadh ranníocaíochtaí pinsin a dhéanamh sa todhchaí” a luaigh sé.

Gníomhaireachtaí – an ceart chun pá

comhionann a fháil: Ní féidir an ceart bunúsach um chóir chomhionann faoin Treoir maidir le hObair Shealadach Gníomhaireachta a chur i mbaol de bharr an chostais a bhaineann le pá comhionann a íoc le hoibríthe gníomhaireachtaí, a chinn an Chúirt Oibreachais. Bhí oibríthe gníomhaireachtaí arna bhfostú ag gníomhaireacht Elizabeth Stafford, ag lorg pá a bhí comhionann leis na fostaithe ag Cronin Movers Ltd. Bhí difríocht phá idir 4% agus 18% i gceist, ag brath ar an ngrád.

D’ordaigh an Chúirt ardú ar na rátaí in aghaidh na huairé a íoctar leis na 14 oibríthe gníomhaireachta ionas go mbeadh siad mar an gcéanna leis na rátaí is infheidhme sa chuideachta fhostaithe. Ina cinneadh, dhiúltaigh an Chúirt le héileamh an fhreagróra ar ráta “barúlach”, chomh maith leis na costais a bhaineann le pá comhionann a chur i bhfeidhm. Ba é sin ceann den dá chás den sórt sin a tháinig os comhair na Cúirte in 2014, agus tháinig sé achomharc ar a laghad os comhair na Cúirte faoin Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Ghníomhaireachta Shealadach), 2012, agus ordaíodh cúiteamh suntasach i gcuid acu de bharr fheidhmiú siarghabhálach an Achta.

Conspóid dhlí na gconarthaí: Nuair a fuarthas deimhniú oifigiúil go bhfuil grúpa mór dochtúirí comhairleacha in ospidéal poiblí Naomh Unseann ag obair san ospidéal príobháideach taobh leis chomh maith, nochtadh na deacrachtaí atá amach roimh an Rialtas agus Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte maidir leis an mbeartas pá sa tseirbhís poiblí.

Shéan Vincent’s Hospital Group go bhfuil an dlí á shárú aige, ach d’áitigh FSS go bhfuil Ospidéal Ollscoile Naomh Unseann (an t-ospidéal poiblí) ag tacú le gníomhaíochtaí an ospidéal príobháidigh “trí fhoireann speisialaithe, atá ina bhfostaithe sa tseirbhís sláinte poiblí, a úsáid”. D’fhéadfadh an cinneadh, in aon chás, os comhair na gcúirteanna dul i bhfeidhm ar ospidéal eile ina bhfuil cleachtais dá leithéid. Dar le hionadaithe Vincent’s Group, is saoráid “neamhbhrabhúis” é murab ionann agus suíomhanna iomaitheoirí. Dhiúltaigh Ard-Stiúrthóir an FSS, Tony O’Brien go láidir leis an tuairim sin.

Athbhunú JLCanna: Glacadh céim thábhachtach chun íosphá earnála a bhunú in earnálacha áirithe pá ísil, nuair a síníodh orduithe bunaithe le haghaidh

Comhchoistí Saothair (JLCanna) nua i Mí Eanáir.

Is iad earnálacha an fháilteachais, na lónadóireachta, miondíola, glanadh ar conradh, slándála agus talmhaíochta na sé earnáil atá i gceist. Cé nach socraítear íosphá agus coinníollacha oibre le síniú na n-orduithe bunaithe sin, cuirtear ar bun na comhlachtaí earnála a mbeidh de chumhacht acu na caighdeáin íosta sin a shocrú.

Ní bheidh na cumhachtaí céanna ag na JLCanna nua sin is a bhí ag na JLCanna a bhí ann sular chealaigh an Ardchúirt na horduithe um íosphá in Iúil 2011.

Beidh orthu tosca éagsúla eacnamaíochta a chur san áireamh, agus cé gur féidir leo Orduithe Rialaithe Fostaíochta (EROanna) a dhéanamh fós lena socraítear íosphá agus coinníollacha oibre, tá na EROanna sin faoi réir fhormheas an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus ní mór iad a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais sula mbeidh siad ina gceangal dlí. Agus fostóirí in earnálacha áirithe ag cur in aghaidh an chórais JLC/ERO – go háirithe in earnáil na n-óstán – is dócha go mbeidh dúshlán mór amach roimh na JLCanna nua seo chun teacht ar EROanna nua, a ghlacfar leo ar bhonn dlíthiúil.

An Dlí Sceithireachta: In Iúil 2014, cuireadh chun feidhme an reachtaíocht nua sceithireachta, an tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014. Agus an tAcht á sheoladh, dúirt an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Brendan Howlin go raibh an tAcht “ar chomhchéim leis an reachtaíocht is fearr ar an leibhéal idirnáisiúnta”. Agus an reachtaíocht nua sin i bhfeidhm, beidh an reachtaíocht i bhfeidhm i ngach earnáil fostaíochta. Roimhe sin, bhí na rialacha ag teacht chun cinn in earnálacha aonair. Go ginearálta, ceapadh an reachtaíocht mar chéad chéim chun córas níos soláimhsithe a chur i bhfeidhm, moltar d’oibríthe tuairisciú don fhostóir mar chéad chéim, agus ag an am céanna, caithfidh fostóirí cabhair a thabhairt do na fostaithe maidir leis seo.

Tá an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais ag obair le IBEC agus ICTU araon chun teacht ar “Chód Cleachtais” maidir leis an reachtaíocht sin.

Dámhachtain mhór do Chúntóir Riachtanas

Speisialta: D’ordaigh an Ard-Chúirt íocaíocht de bheagáinín níos mó ná €255,000 damáistí le Cúntóir Riachtanas Speisialta (SNA), a raibh fadhbanna síciatracha tromchúiseacha aici tar éis don Phríomhoide í a smachtú agus a chur ar fionraí. Chinn an Chúirt go raibh dlíteanas ar Bhord Bainistíochta Naomh Áine sa Churrach, Contae Chill

Dara agus dúirt an Breitheamh larlaith O'Neill gur fhulaing an gearánaí – ball de IMPACT – “gortú síciatrach soiléir agus inaitheanta agus í fós ag fulaingt go mór agus gurb amhlaidh a bheidh go ceann tamaill”.

Dúirt an Breitheamh go raibh sé, “sásta go bhfuil sé cruthaithe ag an ngearánaí nach eachtra aonair a bhí in iompraíocht mhíchúí na gcosantóirí ach go raibh an méid sin ar siúl ar feadh breis is bliain. Níl aon dabht ach gur ghoill an iompraíocht mhíchúí leanúnach an chosantóra ar dhínt an ghearánaí san ionad oibre.”

Ba léir don Bhreitheamh go ndearna an gearánaí, le cabhair óna atur nae, a dícheall chun leas a bhaint as na nósanna imeachta inmheánacha an chosantóra, “Ach theip ar na cosantóirí go huile agus go hiomlán maidir le freagairt a thabhairt di sa chomhthéacs sin, agus dá bhrí sin, ní raibh an dara rogha aici ach tabhairt faoi na himeachtaí seo.” Cháin sé gur dhiúltaigh an Bord achomhairc an ghearánaí, i mBealtaine 2010, “gan measúnú ceart a dhéanamh ar thuillteanas an cháis”, agus nach ndearnadh an cás a athbhreithniú an fómhár ina dhiaidh sin, nuair a tugadh deis nua dóibh nuair a fuarthas litir ó atur nae an ghearánaí.

Athruithe ar shochar breoiteachta: De bharr na n-athruithe a rinneadh ar na rialacha maidir le sochar breoiteachta i gcáinainnéis 2014, ní féidir le hoibríthe sochar breoiteachta a éileamh ón Rialtas, ach amháin tar éis dóibh a bheith as láthair ar feadh sé lá. Roimhe sin, d’fhéadfaidís éileamh a chur isteach tar éis dóibh a bheith as láthair ar feadh trí lá. Dúirt IBEC go bhféadfaidh na hathruithe sin “ualach breise a chur ar fhóistóirí a bhfuil scéimeanna pá breoiteachta acu cheana”. Dar leis an Rialtas, bheadh coigilteas de €22 milliún i gceist don státchiste mar thoradh ar na hathruithe. Faoi na rialacha nua, ní mór d’fhóistaithe atá ag lorg sochar breoiteachta ón Stát iarratas a chur isteach laistigh de seacht lá ón am a thagann tinneas orthu. Ní dhéantar aon fócaíocht i leith na chéad sé lá breoiteachta – na “laethanta feithimh”. Go sonrach, is í sin an tréimhse a síneadh ó thrí lá go sé lá, faoi na rialacha nua a thiocfaidh i bhfeidhm an 6 Eanáir 2014.

Staidéir acadúla

Léirigh staidéar nua nach bhfuil an múnla Meiriceánach um Bainistíocht Acmhainní Daonna chomh forleathan is a ceapadh, agus go bhfuil cosúlachtaí idir gnóthais ilnáisiúnta faoi úinéireacht Éireannach agus gnóthais dá samhail sa Ríocht Aontaithe.

Mhínigh na comhúdaire Dr. Anthony McDonnell, Dr. Jonathan Lavelle agus an tOllamh Patrick Gunnigle ó Ollscoil Luimnigh go mbítear ag breathnú uaireanta ar

AD mar rud “Meiriceánach” sa chleachtas bainistíochta, agus béim áirithe ar chleachtas a bhfuil tionchar dearfach acu ar fheidhmíocht na heagraíochta. Caitheann na torthaí sin amhras ar an argóint gurb iad dea-chleachtas AD Mheiriceánacha domhanda atá i bhfeidhm i gcuideachtaí ilnáisiúnta in Éirinn. Bhíothas ag ceapadh le fada go bhfuil gnóthais Mheiriceánacha infheistíochta seachtraí díri ina scoil do bhainisteoirí Éireannacha. Thug na húdair faoi deara easpa éagsúlachta idir cuideachtaí ilnáisiúnta faoi úinéireacht Éireannach agus gnóthais sa Ríocht Aontaithe, “a d’fhéadfaidh a bheith ina léiriú ar an gcaidreamh stairiúil agus eacnamaíoch an-láidir idir an Ríocht Aontaithe agus Éire”. Chonacthas dóibh, ar bhonn stairiúil “d’fhéadfaí a rá nach ábhar iontais é sin toisc go bhfuil an-chuid gnéithe den chóras gnó Éireannach bunaithe ar thraidisiúin Bhriotanacha. Ach is beag taighde atá ann go bhfuil cur chuige an-Bhriotanach ann maidir le bainistíocht acmhainní daonna”.

De réir staidéir eile a rinne in Ollscoil Luimnigh, tugadh le fios gur i measc na bhfadhbanna a bhaineann leis an ngéarchéim dhomhanda airgeadais, tá laghdú substaintiúil ar chaidreamh aghaidh-ar-aghaidh idir fostaithe agus bainisteoirí. Mar sin, beidh dúshlán ann maidir leis an gcur chuige “bog” a chur i bhfeidhm i réimse na n-acmhainní daonna, agus seans go dtiocfaidh cur chuige “crua” chun cinn.

Dar leis an tuarascáil, tá cuideachtaí ilnáisiúnta in Éirinn ar thús cadhnaíochta maidir le cláir athchóirithe chasta a ghlacadh le blianta beaga anuas, ach “tá fianaise fhorleathan ann go bhfuil seirbhísí acmhainní daonna á mbearradh siar agus go bhfuil foirmeacha seirbhísí comhroinnte ag teacht chun cinn chun seirbhísí acmhainní daonna a chur ar fáil” (“Weathering the storm? Multinational companies and human resource management through the global financial crisis” san International Journal of Manpower. Patrick Gunnigle, Jonathan Lavelle agus Sinéad Monaghan).

I staidéar eile a mhaoinigh an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais, d’áitigh an tOllamh Bill Roche (COBÁC) agus Paul Teague (Ollscoil na Banríona) nár úsáid fóistóirí an “Cúlú Mór” chun “ionsaí fíochmhar” a thosú i gcoinne aitheantais do na ceardchumann nó i gcoinne cómhargála. Ina theannta sin, cé gur tharraing na Rialtais siar a dtacaíocht le comhpháirtíocht shóisialta, ní dhearna siad argóint riamh ar son cómhargáil ná eagraíocht na gceardchumann a mhaolú. Dar le Roche agus Teague “margáil géillte dáileacháin” atá ann – mar shampla, d’fhéadfaidh an chuideachta athruithe a lorg ar

théarmaí agus coinníollacha mar mhalairt ar ghealltanais maidir le slándáil phost – atá i réim ó thús an “Cúlú Mór” in 2008.

I gcomhthéacs timpeallachta tráchtála atá an-dian, sin an cineál margála ‘lamháitais’ a fheictear seachas cineálacha eile margála amhail “comhtháthaithe” nó “ultra” – agus an dá mhodh ag brath ar chumhacht na gceardchumann, dar leo.

Bhí na húdair sin páirteach i staidéar eile “Conflict Management in Organisations” (Bainistíocht Choinbhleachtaí in Eagraíochtaí) a d’fhoilsigh Oxford University Press.

Léirigh staidéar leanúnach de chuid an eacnamaí Frank Walsh ó COBÁC maidir le ballraíocht agus dlús i gceardchumann, gur thit líon na mball i gceardchumann ó 33% in 2003 go 28% in 2014, in ainneoin ardú, ar feadh tréimhse giorra, ar bhallaíocht i gceardchumann de bharr an chúlú eacnamaíochta. Agus rud is cúis inné ní ba mhó do ghluaiseacht na gceardchumann, léirigh an tUasal Walsh go bhfuil “titim shubstaintiúil” i ndlús na gceardchumann sa riarachán poiblí – thit céatadán na bhfostaithe is ball de cheardchumann ó 81% in 2011 go 73% in 2014. Lena linn sin, tháinig laghdú i ndlús na ballraíochta i measc fostaithe na hearnála príobháidí de réir a chéile. Léirigh suirbhé a rinne Richard Boyle, Ceann Taighde, IPA, go bhfuil taithí éigin san earnáil príobháideach ag líon suntasach d’fheidhmeannaigh shinsearacha poiblí in Éirinn, murab ionann agus an tuiscint atá ag an bpobal i gcoitinne. Go ginearálta, bhí an grúpa den tuairim gur mhaith í an fhorbairt a rinneadh ar an riarachán poiblí le linn na géarchéime, cé go bhfuil cuid mhaith acu den tuairim gur athchóiriú “ón mbar anuas, dírithe ar ghearradh costais, faoi thionchar na géarchéime agus claonta” a bhí ann. Creideann formhór na bhfostaithe sa tseirbhís phoiblí gur gnéithe tábhachtacha iad laghdú ar an tseirbhís phoiblí – agus díriú ar thorthaí – sa réimse beartais a bhfuil acu. Léirigh an suirbhé gurb é an feabhsúchán is mó a rinneadh ná an feabhsúchán ar chostais agus éifeachtúlacht, caighdeán seirbhíse, nuálaíocht agus trédhearcacht agus oscailteacht. Maidir leis na réimsí is mó ina raibh díghrádú, ba iad sin iontaobh na saoránach sa Rialtas, tarraingteacht na hearnála poiblí mar fhostóir, agus inspreagadh na mball foirne.

Comhphlé sóisialta, pléití seirbhíse poiblí:

Faoi dheireadh 2014, bhí gach rud réidh chun dul i mbun pléití déthaobhacha díreacha idir an Rialtas agus ceardchumann na seirbhíse poiblí maidir leis an ábhar ginearálta “athchóiriú pá”, agus tá dáta fós le socrú.

Mhol Príomhfhéidhmeannach an LRC, Kieran Mulvey, cineál comhpháirteachais shóisialta “ciallmhar”, agus “clár teoranta maidir le ceisteanna sainithe”, pá, pinsin, an dlí fostaíochta agus athchóiriú institiúideach ina measc.

Agus é ag labhairt ag comhdháil maidir le caidreamh oibreachais i Mí na Samhna, dúirt an tUasal Mulvey go mbeadh filleadh ar an gcineál seo comhpháirtíochta sóisialta, ina fhreagairt ó na daoine sa lár, orthu siúd atá “go mór ar an eite dheis agus go mór ar an eite chlé atá ag iarraidh a bheith ar thús cadhnaíochta agus nach mbeadh mar thoradh ar a gcuid polasaithe ach achrainn agus aighneas sa chaidreamh oibreachais”.

Ach is cosúil go mbeidh an Rialtas an-chúramach faoi aon mholadh, a bheadh cosúil leis an struchtúr comhpháirtíochta sóisialta a bhí i bhfeidhm roimhe seo. Go luath in 2014, rinne an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, Richard Bruton tagairt don mhúnla comhpháirtíochta sóisialta mar “réiteach bréige”, faoi réim “grúpaí táirgeoirí”.

D’áitigh sé gur chuir an próiseas sin bac ar athchóiriú sa gheilleagar sa tréimhse roimh an ngéarchéim.

Ní raibh IBEC ná ICTU ag iarraidh filleadh ar an gcomhpháirtíocht shóisialta mar a bhí, ach rinne an dá eagraíocht tagairt do struchtúir thrípháirteacha, ar nós na Comhdhála Fostóirí agus Lucht Saothair agus an Comhlacht Náisiúnta Forfheidhmithe, dhá eagraíocht atá imithe anois. Ó tháinig deireadh leis an gcomhpháirtíocht shóisialta sé bliana ó shin, tá IBEC agus ICTU ag iarraidh fóram a bhunú chun ceisteanna is cúram don dá eagraíocht a phlé.

Ní dúirt an Rialtas go raibh sé ag iarraidh dul sa treo sin ach oiread, ach tá sé tugtha le fios aige nach mór ardcheannas na Parlaiminte a bheith mar bhunús d’aon tionscnamh i réimse an chomhphlé shóisialta. Maidir leis an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais, tá sé den tuairim gur ceart fáiltiú roimh chúnaimh áirithe maidir le díospóidí náisiúnta, ach gur comhlacht neamhspleách reachtúil é an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais, dála na Cúirte Oibreachais.

Caibidil 2

Seirbhísí an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais



Torthaí na Seirbhísí in 2014

- Seirbhísí Corparáideacha agus an Bord
- An tSeirbhís Idir-Réitigh
- An tSeirbhís Comhairliúcháin
- Seirbhís na gCoimisinéirí um Chearta

Achoimre ar na Costais a bhaineann leis na Seirbhísí a chur ar fáil

Sa tábla thíos, déantar achoimre ar mhiondealú ar an gcaiteachas neamhiniúchta a thabhaigh gach Rannóg in 2014. Léiríonn na figiúirí an caiteachas amháin, agus ní chuirtear cineálacha coigeartaithe san áireamh, amhail dímhneas, a d'fhéadfadh a bheith infheidhme agus a socrófar mar chuid den iniúchadh foirmiúil agus léiriú críochnaitheach na gcuntas don tréimhse. Bhí próiseas iniúchta chuntais an Choimisiúin do 2014 á thabhairt chun críche agus an tuarascáil seo á dréachtú. Foilseofar na cuntais iniúchta nuair a bheidh an t-athbhreithniú bliantúil curtha i gcrích ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus an deimhniú cuí eisithe aige.

Miondealú ar Chostais Achoimre ar fud na Rannóga 2014						
	Riarachán	Bord	Seirbhís Idir-Réithigh	Seirbhís Chomhairleach	Seirbhís na gCoimisinéirí um Chearta	Iomlán
Tuarastail	€300,075	€0	€1,292,633	€207,745	€507,820	€2,308,273
Táillí	€0	€68,400	€0	€0	€862,681	€931,081
Taisteal & Cothú	€10,550	€0	€75,140	€11,500	€123,760	€220,950
Seomraí Cruinnithe ar Cíos	€0	€0	€0	€0	€76,106	€76,106
Páipéarachas, Soláthairtí, Cumarsáid	€17,248	€0	€74,296	€11,940	€29,187	€132,671
Fóntais, Oibríochtaí agus Cothabháil	€18,920	€0	€81,500	€13,100	€32,017	€145,537
Táillí Comhairleoireachta agus Gairmiúla	€27,491	€0	€0	€0	€72,906	€100,397
Priontáil, Oiliúint	€8,298	€0	€3,452	€555	€1,356	€13,661
Iomlán	€382,582	€68,400	€1,527,021	€244,840	€1,705,833	€3,928,676
% den iomlán (figiúirí slánaithe)	10%	2%	39%	6%	43%	100%

Rannóg na Seirbhíse Comhairliúcháin

Ráiteas misin

“ Dul i mbun dlúthoibre le fostóirí, ceardchumann agus fostaithe chun dea-bheartais, dea-chleachtais agus dea-nósanna maidir le caidreamh tionsclaíoch a chur chun cinn, a fhorbairt agus a chur chun feidhme, d'fhonn leas eacnamaíoch an ghnóthais a fheabhsú, agus cruthú agus coimeád post a chothú.”

Forbhreathnú ar an tSeirbhís Comhairliúcháin

Bíonn an tSeirbhís Comhairliúcháin ag obair le fostóirí, fostaithe agus ceardchumann chun cleachtais, struchtúir agus nósanna imeachta dearfacha a fhorbairt i réimse an chaidrimh oibreachais. Is é is príomhchuspóir léi ná dea-chaidrimh oibre a chothú agus a bhuanú agus modhanna chun díospóidí a chosc agus a réiteach, a chur ar fáil san ionad oibre. Tá an tseirbhís ar fáil chun comhairle agus cúnamh a thabhairt i dtaobh gné ar bith de chaidreamh tionsclaíoch san ionad oibre in Éirinn. Meastar gur fearr gach díospóid, cibé an mbaineann sé le grúpa daoine nó duine aonair, a réiteach laistigh den ionad oibre. Mar sin, cuirtear cúnamh ar fáil chun cumas na n-eagraíochtaí agus a gcuid fostaithe a fheabhsú chun caidreamh tionsclaíoch a bhainistiú “go himmheánach” agus go héifeachtach.

Soláthar Seirbhísí

Cé gur féidir an cúnamh a chur in oiriúint do riachtanais áirithe de gach ionaid oibre, is féidir na cineálacha cúnamh a bhriseadh síos sna catagóirí seo a leanas:

Athbhreithnithe Caidrimh Oibreachais

I gcás athbhreithniú ar chaidreamh oibreachais, déantar measúnacht mhionsonraithe ar chaidreamh oibreachais san ionad oibre d'fhonn fadhbanna a aithint, moltaí a dhéanamh chun cleachtais agus nósanna imeachta a fheabhsú agus bítear ag obair le

gach rannpháirtí chun feabhsúcháin a chur i bhfeidhm.

Cuir i gcás gnáth-athbhreithniú; baintear leas as próisis éagsúla chun eolas a bhailiú, lena n-áirítear agallaimh/ceistiúcháin le daoine aonair, suirbhéanna ríomhphoist agus fócasghrúpaí. Is é is príomhchuspóir le gnáth-athbhreithniú fadhbanna a aithint go beacht agus dul i mbun oibre le gach rannpháirtí chun teacht ar réitigh éifeachtacha.

Comhpháirtithe Oibre

Is éard is Meitheal Oibre Comhpháirteach ann ná próiseas ina bhfuil na bainisteoirí agus na fostaithe páirteach, agus a fhaigheann tacaíocht ón tseirbhís chun moltaí a dhéantar ar bhonn athbhreithnithe maidir le caidreamh oibreachais a chur chun feidhme. Ceapadh an próiseas sin chun ról díreach a thabhairt do na rannpháirtithe tionchar a bheith acu ar an bpróiseas trí theacht ar réitigh atá inghlactha don dá pháirtí.

Éascú

Cuirtear seirbhís éascaithe ar fáil chun tacú le saincheisteanna éagsúla san ionad oibre amhail athruithe ar chleachtais oibre a chur chun feidhme agus nósanna imeachta san ionad oibre a fheabhsú. Tá an tseirbhís sin dírithe ar chúnamh a thabhairt do na páirtithe chun teacht ar réitigh atá inghlactha do gach páirtí.

Oiliúint

Is gné ríthábhachtach den tseirbhís ná cúrsaí oiliúna a chur ar fáil maidir le gnéithe áirithe den chaidreamh fostaíochta chun feabhas a chur ar acmhainní a fhorbairt maidir le caidreamh tionscail in ionaid oibre in Éirinn trí sholáthar clár um dhíospóidí a chosc. Tá cláir éagsúla de chuid na seirbhíse ar fáil maidir le nósanna imeachta san ionad oibre - gearáin, smacht agus dínit, cumarsáid agus comhairliúcháin, agus déileáil le coimhlint go ginearálta. Cuirtear na cláir in oiriúint do riachtanais na n-eagraíochtaí, cibé an eagraíocht mhór nó beag atá i gceist, san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí araon.

Is ar fhorbairt agus ar réachtáil próiseas agus nósanna imeachta éifeachtacha caidrimh tionscail a chothú san ionad oibre agus i measc fostaithe, a dhírítear cláir de chuid an Choimisiúin, a chuireann foireann shinsearach ar fáil san ionad oibre, foireann de chuid na Rannóige Comhairliúcháin agus Idir-réitigh.

Réiteach Saorálach Díospóidí

Cuireann an tSeirbhís tacaíocht ar fáil i dtaobh an nós imeachta atá leagtha síos sa Chód Cleachtais Feabhsaithe maidir le Réiteach Saorálach Díospóidí (IR 76 de 2004) lena bhforáiltear do chreat um dhíospóidí a phróiseáil i gcásanna nach bhfuil cómhargáil curtha ar bun. Tar éis aighneacht a cuireadh faoi bhráid an Aire maidir leis an athbhreithniú ar na hAchtanna Caidrimh Tionscail 2001-2004, tá an tSeirbhís Comhairliúcháin ag fanacht go nglacfar an reachtaíocht athbhreithnithe chun anailís a dhéanamh ar an tionchar a bheidh ar na hathruithe molta ar ról na Seirbhíse agus ar an gCód Cleachtais Feabhsaithe.

Eadráin san Ionad Oibre / Eadráin Chomhionannais

Soláthraíonn Comhfhóireann Chomhairliúcháin agus Idir-réitigh eadráin san ionad oibre agus eadráin chomhionannais. Tá forbheathnú agus mionsonraí ar an ábhar sin sa mhír maidir leis an tSeirbhís Idir-réitigh.

Cóid Chleachtais

Tá an obair maidir le Cód Cleachtais um Nochtadh faoi Chosaint (Sceithreach) á tabhairt chun críche. Is é is aidhm leis an obair sin ná treoir a thabhairt maidir le cur chun feidhme na reachtaíochta san ionad oibre ar bhealach praiticiúil agus na prionsabail is fearr a leagan síos ina thaobh.

D'iarr an tAire ar an gCoimisiún, Dréachtchód Cleachtais a ullmhú maidir le cúiteamh d'obair Dé Domhnaigh. Mar chuid den phróiseas comhairliúcháin, réachtáladh cruinnithe déthaobhacha le ICTU agus IBEC. Coinneofar an Roinn ar an eolas maidir le forbairtí.

Taighde

Tá an tseirbhís freagrach as cúraimí an Choimisiúin i dtaobh taighde a dhéanamh ar ábhair a bhaineann le caidreamh tionscail agus athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh i dtaobh forbairtí i réimse an chaidrimh oibreachais go ginearálta. Tá tionscadal taighde maidir le nuálaíochtaí sa Bhainistíocht Choibhleanachtaí in Eagraíochtaí á thabhairt chun críche.

Ina theannta sin, chuir an Coimisiún maoiniú ar fáil do thionscadal taighde in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Clár taighde maidir le Nuálaíocht i mBainistíocht Choibhleanachtaí

Tá an Coimisiún ag cur tacaíocht ar fáil do thionscadal taighde chun deich gcás-staidéar a dhéanamh ar chleachtas nuálacha bainistíochta coibhleanachtaí in eagraíochtaí in Éirinn. Sna cás-staidéir sin, léireofar na nithe a spreagann tabhairt isteach modhanna nua bainistíochta coibhleanachtaí in eagraíochtaí (le ceardchumann/gan cheardchumann - san earnáil phríobháideach agus poiblí), an chaoi a dtugtar isteach cleachtas nua in eagraíochtaí, agus na torthaí atá orthu. Cuireadh an obair ar an tionscadal sin i gcrích in 2014 agus foilseofar na torthaí in 2015.

Tionscadal Eadrána

Chuir an Coimisiún tacaíocht ar fáil do thionscadal taighde in **Ollscoil na hÉireann, Gaillimh** chomh maith.

Miondealú ar ghníomhaíochtaí/acmhainní 2014

Cineál tionscadáil	Líon na
IR 76	2
Éascú/Meithle comhpháirteacha	30
Athbhreithnithe IR	17
Oiliúint	22
Cóid chleachtais	2

Nóta: ní bhaineann líon na dtionscadal le líon na gcrúinnithe, ach le líon na dtionscadal i ndáiríre.

Baill foirne

Stiúrthóir: Freda Nolan

Oifigeach Comhairleach Sinsearach: Seamus Doherty

Oifigeach Comhairleach: Alyson Gavin

Rannóg na Seirbhísí Idir-réitigh, Eadrána, agus Luathréitigh san Ionad Oibre

Ráiteas Misin


“ Soláthróidh an Rannóg seo sraith seirbhísí maidir le hidir-réiteach, le headráin agus le héascú, seirbhís a bheidh neamhchlaonta, tráthúil agus éifeachtach, agus a fheidhmeofar ar ardchaighdeán go leantach sna hearnálacha príobháideacha agus poiblí araon.”

Le linn 2014, dhírigh an Rannóg ar sheirbhís thráthúil, sholúbtha, fhreagrúil a cheaptar d’fhonn riachtanais na bpáirtithe atá i ndíospóid a chomhlíonadh, nó cabhrú le páirtithe a bhfuil saincheisteanna acu le réiteach laistigh san ionad oibre in Éirinn. Is é príomhaidhm agus luach na seirbhíse sin ná a bheith ar fáil chun acmhainn d’ardchaighdeán a chur ar fáil ag am cúí i gcóir cás díospóide. Ba é seachadadh na seirbhíse ardchaighdeán sin an dúshlán a sháraigh foireann na Rannóige le linn 2014. Tá an fhoireann sin comhdhéanta de dheichniúr Comhréiteoirí/idirghabhálaithe, cúigear Oifigeach um Réiteach Cásanna agus seachtar ball foirne tacaíochta.

Achoimre ar Ghníomhaíochtaí in 2014

Catagóir	Iomlán ag deireadh mhí na Nollag 2013	Iomlán ag deireadh mhí na Nollag 2014
Idir-réiteach		
Atreoruithe	1,029	1,148
Comhdhálacha	1,646	1,370
Cruinnithe Eile (Éascú, Maoirseacht, JLCanna, Cathaoirleacht ar Fhóiraim Idirbheartaíochta, Eadráin Chomhionannais)	225	437
Líon iomlán na gcruinnithe	1,871	1,807
Atreorú chuig an gCúirt Oibreachais	159	173
Eadráin san Ionad Oibre		
Atreoruithe	57	48
Cruinnithe (lena n-áirítear an Fhoireann Comhairliúcháin)	136	78

Líon na gcásanna a atreoraíodh chuig an tSeirbhís Idir-réitigh 2012-2014




Gníomhaíocht na Seirbhíse Idir-réitigh

D'éirigh leis an tSeirbhís Idir-Réitigh 85% de na díospóidí go léir a atreoraíodh chuici a réiteach (1148), ráta atá comhsheasmhach leis na rátaí a baineadh amach go traidisiúnta. Atreoraíodh 173 dhíospóid chuig an gCúirt Oibreachais ar an iomlán. Maidir le formhór na n-atreoruithe sin rinneadh dul chun cinn suntasach san idir-réiteach ó thaobh na ndifriúcháil idir na páirtithe a laghdú agus soiléiríodh na saincheisteanna a raibh moladh ón gCúirt Oibreachais ag teastáil ina dtaobh.

Le linn 2014, bhain cuid mhór d'obair na seirbhíse le cathaoirleacht a dhéanamh ar na "comhlachtaí maoirseachta" a bunaíodh chun cúnaimh a thabhairt i dtaobh saincheisteanna a tháinig chun cinn maidir le cur i bhfeidhm "Comhaontú Bhóthar Haddington" san earnáil phoblí agus ina fo-earnálacha éagsúla, mar shampla sna hearnálacha Sláinte, Oideachais agus Rialtais Áitiúil. Chabhraigh an tseirbhís freisin le raon leathan tionscal ar fud an gheilleagair díospóidí a réiteach maidir le réimse leathan saincheisteanna i dtaca le pá agus liúntais, uaireanta oibre, líon foirne, athstruchtúráil, pinsin agus dálaí oibre. Éilimh pá a bhí i gceist le 20% de na díospóidí a atreoraíodh chuig an tseirbhís in 2014 - an chatagóir is mó atreoruithe. Rud a léiríonn cor chun feabhas maidir le margáil pá áitiúil i ngeilleagar athnuaithe. San áireamh san fhóram saincheisteanna inar chuidigh an Coimisiún le díospóidí ollmhóra a réiteach bhí an BSL, Bausch and Lomb, Greyhound Waste, Iarnród Éireann, Leibherr Crane, Shannon Aerospace, Institiúid Tyndall, Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas, Roadstonewood, an tOspidéal Beaumont agus Bord na Móna.

Líon na gcruinnithe a d'éascaigh an tSeirbhís Idir-réitigh 2011-2013



Sin méadú ar na 1,029 n-atreorú a fuarthas in 2013, agus is féidir gur léiriú eile é sin ar "dul i bhfeabhas" an gheilleagair. Thionóil an tseirbhís 1,807 gcruinniú iarbhir in 2014 – beagnach mar an gcéanna le líon na gcruinnithe (1,871) sa bhliain 2013. Bíonn an chomhréireacht idir líon na gcomhdhála agus líon na n-atreoruithe difriúil ó bhliain go bliain, rud a bhraitheann ar fhachtóirí amhail castacht agus deacracht na gcásanna agus an t-ionchur ardleibhéil idir-réitigh atá riachtanach i gcásanna áirithe, amhail cásanna maidir le hidirbheartaíocht san earnáil phoiblí agus le díospóidí um chuíchóiriú/laghdú costais.

Cathaoirleacht ar Fhóram Idirbheartaíochta

Chomh maith le cathaoirleacht a dhéanamh ar chruinnithe na nGrúpaí Maoirseachta arna mbunú faoi Chomhaontú Bhóthar Haddington, cuireann an Rannóg cathaoirligh ar fáil d'fhóram éagsúla idirbheartaíochta chomh maith. Le linn 2014, rinne an Rannóg cathaoirleacht ar Chomhchomhairle Náisiúnta na Seirbhíse Sláinte, ar Chomhairle Idir-réitigh na Múinteoirí, ar Chomhairle Náisiúnta na nÚdarás Áitiúil, ar Fhóram Idir-réitigh agus Maoirseachta na Seirbhíse Príosúin, ar Fhóram Idirbheartaíochta na nInstitiúidí Teicneolaíochta agus ar Chomhchomhairlí Tionscail Tógála, Conraitheoireachta Leictreachais agus Glódóireachta na dTionscal Stáit. Le linn 2014, cheap an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta oifigigh na seirbhísí Idir-réitigh mar chathaoirligh ar na Comhchoistí Oibreachais nuabhunaithe maidir le raon tionscal amhail slándáil, glantóireacht conartha, óstáin agus lónadóireacht agus gruagaireacht. Tá oifigigh na seirbhísí Idir-réitigh mar chathaoirligh anois ar na Coistí go léir dá leithéid.

Binse Díospóidí an Tionscail Tógála

Tá binse díospóidí i bhfeidhm idir páirtithe an Chomhaontaithe Chláraithe Fostaíochta – Binse Díospóidí an Tionscail Tógála (CIDT) – chun freastal ar riachtanais shainiúla na hearnála. Tá oifigigh ó Rannóg na Seirbhísí Idir-réitigh ina gcathaoirligh ar an mBinse. Ní dhearnadh aon atreorú chuig an mBinse i mbliana, rud nach bhfacthas ó bunaíodh an Binse.

An tSeirbhís um Eadráin san Ionad Oibre

Soláthraíonn an tSeirbhís um Eadráin san Ionad Oibre freagairt atá curtha in oiriúint do chineálacha éagsúla saincheistanna agus díospóidí a thagann chun cinn in ionaid oibre. Tá sí thar a bheith oiriúnach chun freastal ar dhíospóidí idir daoine aonair nó grúpaí beaga a bhfuil aighneas idirphearsanta, coimhlintí agus deacrachtaí acu agus iad ag obair le chéile. Foireann eadránaithe de chuid na Seirbhísí Idir-réitigh atá agus Comhairliúcháin atá freagrach as soláthar na seirbhíse sin, agus is í an tSeirbhís Idir-réitigh i mbun na bainistíochta. Le linn 2014, fuarthas 48 n-atreorú, i gcomparáid le 57 n-atreorú in 2013. Tionóladh 78 gcruinniú eadrána san iomlán le linn 2014.

Tháinig meascán saincheistanna chun cinn: cásanna fostaithe aonair a bhí i gceist den chuid is mó, ach bhí grúpaí beaga fostaithe i gceist i gcuid bheag de na cásanna. San áireamh sna saincheistanna tipiciúla a thagann aníos maidir le Eadráin san Ionad Oibre, bíonn ceistanna maidir le caidreamh idirphearsanta san ionad oibre agus le nósanna imeachta casaoide agus araíonachta go ginearálta.

Eadráin Chomhionannais

In 2014, ceapadh oifigigh na Seirbhíse Idir-réitigh mar “Oifigigh Eadrána Chomhionannais” ar an mBinse Chomhionannais ionas go bhféadfaidís gníomhú mar eadránaithe i gcásanna a bhaineann le hidirdhealú neamhdhleathach líomhnaithe faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta. Ghabh na hoifigigh an ról nua acu mar “Oifigigh Eadrána Chomhionannais” de láimh i mí Lúnasa 2014.

Nósanna Imeachta Achomhairc an Bhoird Oideachais agus Oiliúna (ETB) - Achomhairc Chéim 3 faoi na Cóid maidir le Bulaíocht, Ciapadh agus Gnéaschipadh

Feidhmíonn oifigeach na Seirbhíse Idir-réitigh mar Oifigeach Comhaontaithe Neamhspleách Achomhairc faoi fhorálacha na gCód Cleachtais maidir le Déileáil le Gearáin maidir le Bulaíocht, Ciapadh agus Gnéaschipadh in Ionaid Oibre ETB. In 2014 rinneadh trí achomharc chuig an Oifigeach Achomhairc faoin gCód seo.

Nósanna Imeachta Achomhairc an Bhoird Oideachais agus Oiliúna (ETB) - Achomhairc Chéim 4 um Araíonacht

Feidhmíonn oifigeach na Seirbhíse Idir-réitigh mar

Oifigeach Comhaontaithe Neamhspleách Achomhairc le haghaidh achomhairc Chéim 4 faoi na nósanna imeachta araíonachta don earnáil ETB a aontaíodh ar bhonn náisiúnta. Le linn 2014 éisteadh achomharc amháin.

Nósanna Imeachta Achomhairc an Bhoird Oideachais agus Oiliúna (ETB) - Achomhairc Chéim 4 um Chasaid

Feidhmíonn oifigeach na Seirbhíse Idir-réitigh mar Oifigeach Comhaontaithe Neamhspleách Achomhairc do chasaid Chéim 4 ó bhaill foirne nach gcuimsítear faoin Acht Caidrimh Tionscail 1990. Éisteadh achomharc amháin le linn 2014.

Cumann na Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha (ACCS) – Chéim 4 Achomhairc um Chasaid

Feidhmíonn oifigeach na Seirbhíse Idir-réitigh mar Oifigeach neamhspleách Achomhairc do chasaid Chéim 4 do bhaill foirne san earnáil ACCS nach gcuimsítear faoin Acht Caidrimh Tionscail 1990. Éisteadh achomharc amháin le linn 2014.

Ionchur oiliúna arna soláthar ag an tSeirbhís Idir-Réitigh 2014

Is í an Rannóg Comhairliúcháin, Taighde agus Faisnéise atá freagrach as an tacaíocht a chuireann an Coimisiún ar fáil do na páirtithe leasmhara a chomhordú trí chlár oiliúna saincheaptha a sholáthar. Lean oifigigh na Seirbhísí Idir-Réitigh orthu páirt a ghlacadh san obair sin le linn 2014. Ina theannta sin, lean Rannóg na Seirbhísí Idir-Réitigh uirthi ag freagairt ar iarratais agus ag glacadh le deiseanna chun obair na Rannóige a chur chun cinn trí chainteoirí agus éascaitheoirí a chur ar fáil do chlár oiliúna cliant lena dhíreofar ar an bpróiseas idir-réitigh agus an luach a bhaineann leis mar uirlis réitigh díospóide. Thug oifigigh na Rannóige cur i láthair, agus i roinnt cásanna d’fhorbair siad agus chuir siad cúrsaí oiliúna ar fáil, ag dhá chúrsa oiliúna éagsúla is fiche arna n-eagrú le haghaidh stiobhaird cheardlainne, gníomhaithe sinsearach, eagraithe sinsearach, agus oifigigh lánaimseartha de chuid cheardchumainn IMPACT agus MANDATE araon. Thug oifigigh cur i láthair freisin ag Scoil Ghnó Smurfit, cúrsaí oiliúna creidiúnaithe an IPA agus do Dhaltáí Gnó idirnáisiúnta ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Ina theannta sin, cuireadh ionchur ar fáil ag cúrsaí oiliúna le haghaidh na n-eagraíochtaí seo a leanas: Kerry ETB, Eircom, Lionbridge, PNA, Coláiste Loreto Faiche Stiabhna, an Grúpa Quinn, Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath, Seimineár Réigiúnach Acmhainní Daonna de chuid IBEC Chorcaí, an Grúpa Porterhouse, Symantec agus Google/CPL.

Seirbhís Luathréitigh

Is seirbhís eadrána í an tSeirbhís Luathréitigh (ERS) arna feidhmiú ag an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais. Tríd an ERS, cuirtear eadráin ar fáil i

gcásanna a atreoraíodh chuig an mBinse Achomhairc Fostaíochta agus chuig Seirbhís an Choimisinéara um Chearta i gcomhar breithnithe/molta. Tá an tSeirbhís ag feidhmiú ar bhonn ad-hoc ó lár na bliana 2012, agus ceaptar go mbeidh bonn reachtúil léi i gcomhthéacs bhunú an “Coimisiún um Chaidrimh san Ionad Oibre” mar chuid de chuíchóiriú an Stáit maidir le comhlachtaí um réiteach díospóide fostaíochta. Is é is aidhm leis an tseirbhís deis a thabhairt do pháirtithe na díospóide teacht ar réiteach go luath trí chúnamh eadrána a chur ar fáil, a sholáthraíonn “Oifigeach um Réiteach Cásanna” (CRO) ar an nguthán go príomha. Ceaptar é chun deis a chruthú na costais fhéideartha a sheachaint, costais a bhaineann le héisteacht fhoirmiúil agus le cinneadh breithnithe ó Choimisinéir um Chearta ón mBinse Achomhairc Fostaíochta (EAT) rud a rachaidh chun socair na bpáirtithe féin agus don Stát freisin.

Formáid na Seirbhíse

Feidhmíonn cúigear oifigeach um réiteach cásanna an tseirbhíse. Feidhmítear próiseas tosaigh um chás a roghnú sa Choimisiún um Chaidreamh Oibreachais d’fhonn na cásanna sin a shainaithint, a cheaptar go mbainfí réiteach amach trí eadráin. Mar shampla, scagtar amach cásanna ina bhfuil an fostóir tar éis dul faoi leachtú. Agus na cásanna a dtabharfar tairiscint luath-réitigh ina dtaobh roghnaithe, téann an CRO i dteagmháil leis na páirtithe lena fháil amach an bhfuil siad ag iarraidh glacadh leis an tairiscint. Má dhiúltaíonn ceachtar páirtí nó an dá pháirtí páirt glacadh leis ann, atreoraítear an cás gan mhoill le haghaidh éisteacht fhoirmiúil le Coimisinéir um Chearta nó chuig an mBinse Achomhairc Fostaíochta mar is gnáth. I gcásanna ina dtoilleann an dá pháirtí páirt a glacadh sa phróiseas ER, ceadaítear tréimhse suas go sé seachtaine chun réiteach a aimsiú trí eadráin a dhéanann Oifigeach um Réiteach Cásanna. I gcásanna nach mbaintear amach aon socrú, nó nach dtarraingítear siar an gearán, atreoraítear an cás le haghaidh éisteacht fhoirmiúil le Coimisinéir um Chearta nó chuig an mBinse Achomhairc Fostaíochta.

Soláthar Seirbhíse in 2014

Le linn na bliana, dhírigh an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais ar a thuilleadh forbartha a dhéanamh ar an tseirbhís sách nua seo agus ar thacaíocht a chur ar fáil dá nOifigigh um Réiteach Cásanna trí oifigigh comhghleacaithe laistigh den eagraíocht. San áireamh sna tionscnaimh tacaíochta, bhí freastal ar chomhdhála idir-réitigh, úsáid chórais mheantóireachta inmheánaigh, agus rochtain ar Choimisinéirí um Chearta mar chuid de chomhphlé struchtúrach leanúnach atá dírithe ar eolas a chomhroinnt.

Le linn 2014, chuir an tSeirbhís eadráin ar fáil in 1,657 gcás, lena gcumhdaítear roinnt 2,303 ghearán aonair idir atreoruithe cásanna lena mbaineann ceist amháin nó níos mó. D’aontaigh an dá pháirtí páirt a ghlacadh in eadráin i 982 chás de na cásanna sin. Sin ráta glactha de 59%, méadú ar an ráta glactha de 56.5% in 2013. Thángthas ar réiteach iomlán i 435 chás de na cásanna sin agus dá bharr ní raibh gá le héisteacht ó Choimisinéir um Chearta nó sa Bhinse Achomhairc Fostaíochta – is ráta ratha é sin de 44%. Is ráta maith é seo nuair a chuirtear i gcomparáid é leis an ráta réitigh de 32% a baineadh amach sa bhliain phiólótach in 2012 agus leis an ráta de 36% a baineadh amach in 2013.

Rath na Seirbhíse sa todhchaí

Tá sé mar aidhm ag an tSeirbhís tuilleadh méadaithe a chur ar an ráta réitigh i gcásanna eadrána. Ach braithfidh rath na Seirbhíse sa todhchaí ar athrú cultúrtha suntasach maidir leis an gcaoi a n-úsáideann na páirtithe seirbhíse an Stáit maidir le díospóidí um chearta fostaíochta a réiteach go háirithe. Roimhe seo, is minic a bhíodh na páirtithe ag dul i muinín ar dheiseanna socraithe a d’fhéadfadh teacht aníos lá na héisteachta os comhair Coimisinéara um Chearta nó an Bhinse Achomhairc Fostaíochta. Sa timpeallacht nua, ina mbeidh an Stát gníomhach maidir le headráin a chur ar fáil, agus é sin á dhéanamh chomh gar sin leis an dáta breithnithe, beidh sé mar chuspóir comhoibriú na bpáirtithe a chinntiú maidir le leas a bhaint as an tSeirbhís Luathréitigh agus an méid is mó a bhaint as na tairbhí a mbeidh ann dóibh féin.

Rannóg Seirbhíse an Choimisinéara um Chearta

Forbheathnú

Bunaíodh Seirbhís an Choimisinéara um Chearta i 1970 i gcomhair díospóidí a réiteach idir daoine aonair agus idir grúpaí beaga oibríthe maidir le saincheistanna laethúla faoi chaidreamh oibreachais. Anois, daichead bliain ó bunaíodh an tseirbhís, ní daoine aonair a dhéanann gearán den chuid is mó, ach grúpaí móra oibríthe, agus tá corpas substaintiúil dlí fostaíochta ann chomh maith, agus é de shíor ag dul i méid. Is fir agus mná inniúla iad na Coimisinéirí a bhfuil taithí acu agus a thagann ó lucht na gceardchumann agus ó lucht an ghnó, a bhfuil an-eolas acu ar dhlí na fostaíochta agus a bhfuil taithí acu ar dhíospóidí san ionad oibre. Tá cur chuige na Seirbhíse mar an gcéanna anois agus mar a bhí i 1970, is é sin iarracht a dhéanamh tabhairt faoi fhadhbanna ar bhealach thapa agus neamhdhleatháoch, atá dírithe ar réitigh a fháil.

Atreoruithe

Fuair an tseirbhís an líon is mó atreoruithe riamh in 2010, nuair a fuarthas 15,671 atreorú (fuarthas 9,800 atreorú in 2014). Ba dhúshlán mór é déileáil leis an líon sin atreoruithe, go háirithe ó thaobh iontráil sonraí de agus maidir le cruinnithe a sceidealú agus ó thaobh chéim na moltaí chomh maith.

Cé gur tháinig laghdú ar líon na n-atreoruithe go 9,800 in 2014, tá dúshlán ann fós maidir le cásanna a sceidealú, srl. Ag deireadh 2014, ba ghnáth don tseirbhís tairiscint éisteachta a dhéanamh faoi 8 - 12 sheachtain, an tréimhse “coimeádta” reachtúil trí seachtaine dá bhforálar sa reachtaíocht san áireamh.

Aonad Sceidealaithe Aonair

Ós rud é go mbeidh na Comhlachtaí um Chearta Fostaíochta á sruthlíniú, bunaíodh aonad sceidealaithe aonair i lár na bliana 2014, chun na hatreoruithe chuig Seirbhís an Choimisinéara um Chearta agus chuig an mBinse Comhionannais a láimhseáil. Aistríodh formhór na mball foirne de Sheirbhís an Choimisinéara um Chearta chuig an Aonad nua Sceidealaithe. Cé go ndearnadh dul chun cinn le líon mór na gcásanna ar láimh, bhí ar fhoireann an Aonaid páirt a ghlacadh in obair ullmhúcháin a bhaineann le dearadh agus coimisiúnú réitigh ICT a chuirfear in ionad na gcóras bainistíochta díchosúla um chaidreamh custaiméara atá i bhfeidhm faoi láthair i gComhlachtaí éagsúla um Chaidreamh san Ionad Oibre.

Atráth



Is gá leanúint de dhíriú ar leibhéal na n-iarratas maidir le hatráth.

Líon foirne

Tá 12 Coimisinéirí um Chearta ag obair faoi láthair ar bhonn patrún éagsúil maidir le láithreachtaí chomhaontaithe. I gcomhréir le hearcaíocht na Seirbhíse Poiblí, bhí tionchar ag an moratorium earcaíochta ar an tSeirbhís ar gach leibhéal, lena n-áirítear ar leibhéal na bainistíochta feidhmiúcháin.

Cé go bhfuarthas 9,800 atreorú in 2014, fuarthas formhór na n-atreoruithe faoi réir na 5 Acht a leanas:


Atreorú a fuarthas de réir Achta



Staitisticí maidir le Cásanna Atreoraithe de réir Achta

	2008	2009	2010	2011	2012	2013	2014
Na hAchtanna Caidrimh Tionscail 1969-1990	1,470	1,521	1,542	1,143	1,304	1,282	1,328
An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997	1,516	1,577	1,396	1,288	1,308	1,930	1,596
An tAcht um Íoc Pá 1991	3,540	4,681	8,266	3,040	2,806	3,296	2,120
An tAcht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis) 1994	1,722	1,812	1,514	1,233	957	1,012	858
Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977-2005	1,566	2,110	1,588	1,355	1,271	981	837

Líon na nAtreoruithe a fuarthas



Staitisticí maidir le hAtreoruithe a Fuarthas

2008	10,900
2009	13,256
2010	15,671
2011	9,206
2012	8,852
2013	10,252
2014	9,800

Atreoruithe an tAcht um Chosaint Fostaithe (Oibreoirí Gníomhaireachta Sealadacha), 2012

2012	171
2013	218
2014	80

Liosta de Threoracha an AE, de na hAchtanna agus de na Rialacháin a bhfuil feidhm acu ar na Coimisinéirí um Chearta

1. An tAcht um Shaoire Uchtaíoch 1995 (Uimh. 2 de 1995)
2. An tAcht um Shaoire Uchtaíoch 2005 (Uimh. 25 de 2005)
3. An tAcht um Shaoire Cúramóra 2001 (Uimh. 19 de 2001)
4. An tAcht um Bhanc Ceannais (Maoirseacht agus Forfheidhmiú) 2013 (Uimh. 26 de 2013)
5. An tAcht Carthanas 2009 (Uimh. 6 de 2009)
6. An tAcht Ceimiceán 2008 (Uimh. 13 de 2008)
7. An tAcht Iomaíochta, 2002 (Uimh. 14 de 2002)
8. An tAcht Iomaíochta (Leasú) 2006 (Uimh. 4 de 2006)
9. An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí 2007 (Uimh. 19 de 2007)
10. An tAcht um Cheartas Cóiriúil 2011 (Uimh. 21 de 2011)
11. An tAcht um Fostaithe (Faisnéis agus Comhchomhairle a Sholáthar) 2006 (Uimh. 9 de 2006)
12. An tAcht um Cheadanna Fostaíochta 2006 (Uimh. 16 de 2006)
13. Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Comharchumann na hEorpa) (Páirteachas Fostaithe) 2007 (I.R. Uimh. 259 de 2007)
14. Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cuideachta Eorpach Teoranta Phoiblí) (Páirteachas Fostaithe) 2006 (I.R. Uimh. 623 of 2006)
15. Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Tuairisciú ar Tharluithe in Eitlíocht Shibhialta) 2007 (Uimh. 285 de 2007)
16. Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Eagrú Ama Oibre) (Foireann Taistil in Eitlíocht Shibhialta) 2006 (I.R. Uimh. 507 de 2006)
17. Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cearta Fostaithe a Chosaint ar Ghnóthais a Aistriú) 2003 (I.R. Uimh. 131 de 2003)
18. Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint na Fostaíochta), 2000 (I.R. Uimh. 488 de 2000)
19. Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Coinníollacha Oibre na nOibrithe Gluaisteacha i mbun Seirbhísí Trasteorann Inoibritheacha san Earnáil Iarnróid) 2009 (I.R. Uimh. 377 de 2009)
20. An tAcht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar son le Leas an Phobail 2010 (Uimh. 38 of 2010)
21. An tAcht Sláinte 2007 (Uimh. 23 of 2007)
22. An tAcht Caidrimh Thionscail, 1946 (Uimh. 26 de 1946)
23. An tAcht Caidrimh Thionscail, 1969 (Uimh. 14 de 1969)
24. An tAcht Caidrimh Thionscail, 1976 (Uimh. 15 de 1976)
25. An tAcht Caidrimh Thionscail, 1990 (Uimh. 19 de 1990)
26. An tAcht Caidrimh Thionscail (Forálacha Ilghnéitheacha) 2004 (Uimh. 4 de 2004)
27. An tAcht Caidrimh Thionscail (Leasú) 2012 (Uimh. 32 de 2012)
28. An tAcht um Iascach Intíre (Uimh. 10 de 2010)
29. An tAcht um Áiseanna Saothair (Leasú) 2009 (Uimh. 38 de 2009)
30. An tAcht um Chosaint Mháithreachais, 1994 (Uimh. 34 de 1994)
31. Rialacháin um Chosaint Mháithreachais (Díospóidí agus Achomhairc, 1995 (I.R. Uimh 17 de 1995)
32. An tAcht um Chosaint Mháithreachais (Leasú) 2004 (Uimh. 28 de 2004)
33. An tAcht fán nGníomhaireacht Naisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2009 (Uimh. 34 de 2009)

-
34. An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 (Uimh. 5 de 2000)
 35. An tOrdú um an Acht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 (Tosach Feidhme), 2000 (I.R. Uimh. 96 de 2000)
 36. An tOrdú um an Acht um Pá Íosta Náisiúnta 2000 (Ráta Náisiúnta Pá Íosta), 2000 (I.R. Uimh. 95 de 2000)
 37. An tOrdú um an Acht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 (Ráta Náisiúnta Pá Íosta) (Uimh. 2), 2000 (I.R. Uimh. 201 de 2000)
 38. An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta 2000 (Ráta Náisiúnta Pá Íosta) 2003 (I.R. Uimh. 250 de 2003)
 39. An tOrdú um an Acht um Pá Íosta Náisiúnta 2000 (Ráta Náisiúnta Pá Íosta) 2005 (I.R. Uimh. 203 de 2005)
 40. An tOrdú um an Acht um Pá Íosta Náisiúnta 2000 (Ráta Náisiúnta Pá Íosta) 2006 (I.R. Uimh. 667 de 2006)
 41. An tOrdú um an Acht um Pá Íosta Náisiúnta 2000 (alt 11) 2011 (I.R. Uimh. 13 de 2011)
 42. An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997 (Uimh. 20 de 1997)
 43. An tAcht um Shaoire Thuismitheoireachta, 1998 (Uimh. 30 de 1998)
 44. Rialacháin um Acht um Shaoire Thuismitheoireachta, (Díospóidí agus Achomhairc 1999 (I.R. Uimh. 6 de 1999)
 45. An tAcht um Shaoire Thuismitheoirí (Leasú) 2006 (Uimh. 13 de 2006)
 46. An tAcht um Íocaíocht Pá, 1991 (Uimh. 25 de 1991)
 47. An tAcht um Éilliú a Chosc (Leasú) 2010 (Uimh. 33 de 2010)
 48. An tAcht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998 (Uimh. 49 de 1998)
 49. An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Théarma Shocraithe) 2003 (Uimh. 29 de 2003)
 50. An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001 (Uimh. 45 de 2001)
 51. An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Ghníomhaireachta Shealadach) act 2012 (Uimh. 13 de 2012)
 52. An tAcht um Chaomhnú Fostaíochta (Comhiomarcaíochtaí Eisceachtúla agus Nithe Gaolmhara 2007 (Uimh. 27 de 2007)
 53. An tAcht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht) 1996 (Uimh. 16 de 1996)
 54. An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 (Uimh. 10 de 2005)
 55. An tAcht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994 (Uimh. 5 de 1994)
 56. An tAcht um Dhífhostú Éagórach, 1977 (Uimh. 10 de 1977)
 57. An tAcht um Dhífhostú Éagórach (Leasú) act, 1993 (Uimh. 22 de 1993)
-

Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha

Forbheathnú ar an tSeirbhís Chorparáideach

Tá Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha ina Stiúrthóir freisin den tseirbhís chomhairleach um Chaidreamh Tionscail. Chomh maith leis sin, feidhmíonn an Sealbhóir mar rúnaí an bhoird mar aon le rúnaí ar an gcoiste iniúchta. Faigheann Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha cabhair ó Phríomhoifigeach cúnta amháin, ó ardoifigeach feidhmiúcháin amháin (w/s 0.5) agus ó bheirt oifigeach feidhmiúcháin. Bhí an Stiúrthóir ina Cheannasaí den tSeirbhís Coimisinéara um Chearta go dtí mí Mheán Fómhair 2014 chomh maith.

Cruinnithe an Bhoird

Bhí 9 gcruinniú ag an mbord le linn 2014. Go dtí go mbunófar an Coimisiún un Chaidreamh san Ionad Oibre, tá cúigear comhaltaí ceaptha arís ag an Aire ar an mbord “ó 7 Iúil 2013 amach ar feadh tréimhse nach faide ná 12 mhí nó go dtí go ndéanfaí an Coimisiún a dhíbhunú, cibé acu is luaithe”. Rinneadh an bord a athnuachan de réir théarmaí atá mar i gcéanna leo siúd de 2014.

Seo tinreamh chomhaltaí an Bhoird i rith na bliana:

Breege O'Donoghue, Cathaoirleach	9
Brendan mcGinty	9
Fergus Whelan	7
John Hennessy	8
Peter McLoone	9

Cód Cleachtais maidir le Rialachas agus Iompar an LRC

Cuireann an Bord nósanna imeachta i bhfeidhm de réir an Chóid Chleachtais maidir le Rialachas na gComhlachtaí Stáit. Ina theannta sin, ghníomhaigh an Bord agus an Coimisiún i gcomhréir le téarmaí “Cód Cleachtais maidir le Rialachas agus Iompar an LRC” na hEagraíochta féin”.

An Coiste Iniúchta

Thionóil an Coiste Iniúchta ceithre huairé i rith 2014; an 10 Márta, an 8 Bealtaine, 10 Iúil agus an 11 Samhain 2014..

Is é ról an Choiste Iniúchta, mar chuid den athbhreithniú córasach leanúnach ar an timpeallacht

rialaithe agus nósanna imeachta rialachais laistigh den Choimisiún, tuairisc a thabhairt agus comhairle a chur ar an Oifigeach Cuntasaíochta agus ar an mBord maidir le hábhair rialaithe inmheánaigh. Seachfhoinsítear an fheidhm Iniúchta Inmheánaigh chuig cleachtóir neamhspleách agus déanann an Coiste na pleananna iniúchta molta a mheas agus a fhormheas, de réir mar is gá agus i gcomhthéacs clár struchtúrtha gníomhaíochta lena gcinntítear go ndéantar scrúdú ar gach gné ábhartha de ghníomhaíocht an Choimisiúin ar feadh tréimhse réamhshainithe.

Agus na pleananna iniúchta á meas ag an gCoiste, bíonn sé i gcónaí aireach faoi fhorbairt ar nós Treoirlínte nuashonraithe maidir le Rialachas Corparáideach, dea-chleachtas agus raon agus sonraí ábhartha na ndualgas comhlíonta ar an eagraíocht agus bainistíocht pearsanra aonair araon de réir mar a achtaítear reachtaíocht, rialachán agus cóid chleachtais nua.

De bhun na dtuarascálacha ábhartha ón Iniúchóir, chinn an Coiste go raibh córas éifeachtach rialuithe inmheánacha i bhfeidhm sa Choimisiún le linn 2014.

Eitic san Oifig Phoiblí

Fuair gach comhalta den Bbord, na Coimisinéirí um Chearta agus oifigigh chúil an Choimisiúin comhairle maidir lena ndualgais agus/nó chuir siad na tuairisceáin chúil i gcrích faoi na hAchtanna um Eitic in Oifig Phoiblí, mar is gá.

Córas um Fheidhmiúchán Forbartha Bainistithe (PMDS)

Tá an Coimisiún tiomanta dá chinntiú go n-úsáidtear dea-chleachtas i dtaca le seachadadh gach gné den PMDS d'fhonn feabhas a chur ar fhorbairt na foirne agus d'fhonn a chinntiú go bhfuil modh cumarsáide dearfaí débhealaí i bhfeidhm. Rinneadh Próifílí Róil agus Athbhreithnithe Eatramhacha ar shlí thráthúil do gach ball d'fhoireann an Choimisiúin. Spreagtar soláthar aiseolais aníos mar ghné den phróiseas.

Cuntais Bhliantúla an Choimisiúin 2014

Tá na cuntais iniúchta don bhliain 2013 san áireamh sa tuarascáil seo chomh maith leis na cuntais neamh-iniúchta don bhliain 2014. Ní raibh tús curtha le próiseas scrúdaithe na gcuntas tráth a raibh foilsíú na tuarascála seo á chur i gcrích. Cuirfear na cuntais iniúchta faoi bhráid an Aire agus tabharfar chun críche an próiseas chun na cuntais a chur faoi bhráid an Oireachtais chomh luath agus is féidir, a luaithe is a bheidh na nósanna imeachta iniúchta agus Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste curtha i gcrích.

Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh in 2014

Maidir le húsáid fuinnimh sa Choimisiún um Chaidreamh Oibreachais, úsáidtear formhór an fhuinnimh le haghaidh soláthar na n-oifigí i dTeach Tom Johnson agus Teach Landsdowne ó lá go lá. Roinntear an t-úsáid fuinnimh sa dá fhoirgneamh idir na tionóntaí. Úsáideann an LRC 22% den fhuinneamh i dTeach Tom Johnson agus as 9.38% den fhuinneamh i dTeach Lansdowne.

In 2014, b'ionann ídiú iomlán an CCO agus 426,774 KWh d'fhuinneamh, agus ba é sin:

- 191,215 KWh de leictreachas
- 235,559 KWh de ghás.

Gníomhaíochtaí a rinneadh in 2014

Le linn 2014, ghabh an LRC raon tionscnamh de láimh maidir le feidhmiú fuinnimh, lena n-áirítear:

- Reáchtáladh lá eolais an SEAI don fhoireann d'fhonn feasacht a mhúscailt maidir le húsáid fuinnimh.
- Ghlacamar páirt sa chóras nua SEAI atá ar líne d'fhonn ár n-úsáid fuinnimh a thuairisciú i gcomhréir le Rialachán na gComhphobal Eorpach (Éifeachtúlacht Úsáide Deiridh Fuinnimh agus Seirbhísí Fuinnimh) 2009 (IR 542 de 2009).
- Cruinnithe rialta lenár ngníomhaire monatóireachta fuinnimh in Aramark chun plé a dhéanamh ar úsáid

fuinnimh agus ar fheidhmíocht fuinnimh i dteach Tom Johnson.

- Lean an oifig ar aghaidh lena hiarrachtaí chun úsáid fuinnimh a íoslaghdú trína chinntiú go múchtar na soilse agus an trealamh leictreach ag am scoir gnó gach uile lá.

Gníomhartha atá beartaithe le haghaidh 2015

Déanfar iniúchadh fuinnimh le linn 2015 chun aon réimse eile spárála fuinnimh a aithint. Beidh páirt ag an LRC i bhfeachtas feasachta fuinnimh agus díreofar ar mhonatóireacht níos dlúithe ar na sceidil ama théimh agus leanfar de chur i gcuimhne do na baill foirne na soilse agus an trealamh oifige a mhúchadh.

Íocaíocht Phras na gCuntas

Tuarascáil ar Chomhlíonadh Fhorálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas

Tugtar tuairisc thíos ar chleachtais íocaíochta an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais, de réir mar a éilítear leis an Acht, don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014:

1. I gcomhréir le cinneadh an Rialtais S29296 an 2 Márta 2011, tá an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais tiomanta do gach iarracht a dhéanamh soláthraithe a íoc laistigh de 15 lá tar éis sonrasc bailí a fháil.
2. Tá nósanna imeachta sonracha i bhfeidhm chun na sonraisc go léir a rianú agus lena chinntiú go ndéanfaí íocaíochtaí roimh an dáta dlíte. Cláraítear sonraisc ar bhonn laethúil agus eisítear íocaíochtaí de réir mar is gá d'fhonn comhlíonadh tráthúil a chinntiú.
3. Nuair is gá, íocfar ús íocaíochta praise i gcomhréir le treoirínte arna n-eisiúint ag an Roinn, Post, Fiontar agus Nuálaíochta.
4. Foilsítear Tuarascálacha Ráithiúla Íocaíochta Praise faoin rannóg "Faisnéis do Sholáthraithe" den suíomh gréasáin.

Tréimhse Clúdaithe: 1 Eanáir 2014 go 31 Nollaig 2014

Sonraí	Líon	Luach (€)	Céatadán (%) de líon iomlán na n-íocaíochtaí a rinneadh
Iomlán na n-íocaíochtaí a rinneadh in 2014	1,162	461,878.07	100%
Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh laistigh de 15 lá	1,159	460,122.57	99.74%
Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh laistigh de thréimhse idir 16 lá agus 30 lá	3	1,755.50	0.26%
Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh tar éis 30 lá	0	0	0
Sonraisc faoi dhíospóid	0	0	0
Iomlán	1,162	461,878.07	100%

Caibidil 3

Ráitis Airgeadais Iniúchta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013



Clár na nÁbhar

Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Choimisiúin	32
Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais	33
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	34
Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta	35
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	36
Ráiteas maidir le Gnóthachain agus Cailteanais Aitheanta Iomlána	37
Clár Comhardaithe	38
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	39

Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Choimisiúin

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013

De réir Alt 31(1) den Acht Caidrimh Thionscail 1990, ceanglaítear ar an gCoimisiún Ráitis Airgeadais a ullmhú sa tslí is go bhfeadfadh an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta iad a fhorghnó agus a dhéanamh tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Agus na ráitis sin á n-ullmhú, ní mór don Choimisiún:

- polasaithe cuntasáíochta oiriúnacha a roghnú agus a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh;
- na Ráitis Airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas reatha mura bonn míchuí é;
- a shonrú cibé ar leanadh na caighdeáin chuntasáíochta cuí, faoi réir aon imeacht ábhartha arna nochtadh agus arna míniú sna ráitis airgeadais.

Tá an Coimisiún freagrach as leabhair chuntais cearta a choimeád a nochtann le cruinneas réasúnta, staid airgeadais an Choimisiúin ag aon am agus a ligeann dó a chinntiú go gcloíonn na Ráitis Airgeadais le hAlt 31(1) den Acht. Tá an Coimisiún freagrach chomh maith as sócmhainní an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aithint.



Breege O'Donoghue
Cathaoirleach
Dáta: 11 Samhain 2014



John Hennessy
Comhalta den Choimisiún
Dáta: 11 Samhain 2014

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013

Freagracht as Rialú Inmheánach Airgeadais

Mar Chathaoirleach, aithním freagracht an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á choinneáil ar bun agus á fheidhmiú.

Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta agus ní deimhniú iomlán a sholáthar go bhfuil na sócmhainní faoi chosaint, go bhfuil na hidirbhearta údaraithe agus taifeadta i gceart, agus go bhfuil cosc ar agus go n-aithnítear in am tráthúil earráidí nó mírialtachtaí ábhartha.

Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Tá céimeanna glactha ag an gCoimisiún lena chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe cuí i bhfeidhm trí:

- freagrachtaí agus cumhachtaí bainistíochta a shainiú go soiléir;
- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí agus chun cosaint a thabhairt do shócmhainní an Choimisiúin; agus
- cultúr freagrachta a fhorbairt ar gach leibhéal den Choimisiún.

Tá nósanna imeachta bunaithe ag an gCoimisiún d'fhonn rioscaí gnó a aithint agus a luacháil trí:

- nádúir, méid agus impleacht airgeadais na rioscaí atá os comhair an Choimisiúin a aithint, lena n-áirítear an méid agus na catagóirí a mheasann sé a bheith inghlactha;
- dealraitheacht na rioscaí aitheanta a d'fhéadfadh tarlú a mheas – tá clár riosca i bhfeidhm;
- measúnú a dhéanamh ar chumas an Choimisiúin chun na rioscaí atá ann a bhainistiú agus a mhaolú; agus
- measúnú a dhéanamh ar na costais a bhaineann le rialuithe áirithe a fheidhmiú i gcomparáid leis an tairbhe a bhaintear astu.

Tá an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar chreatlach eolais bhainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear leithscaradh na ndualgas, agus córas tarmiligin agus freagrachta.

San áireamh go háirithe tá:

- Córas cuimsitheach buiséadaithe agus buiséad míosúil a ndéanann an Coimisiún a athbhreithniú agus a ghlacadh;
- Athbhreithnithe rialta a dhéanann an Coimisiún ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla lena léirítear feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamh-mheastacháin;
- Spriocanna a leagadh síos chun feidhmíocht airgeadais agus cineálacha eile feidhmíochta a thomhas;
- Sainmhíniú soiléir ar threoirínte ceannacháin agus formheasta; agus
- Smacht foirmiúil ar bhainistíocht tionscadail.

D'fhostaigh an Coimisiún comhairleoir, ar bhonn conartha, mar iniúchóir inmheánach chun athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Faightear an t-eolas don mhonatóireacht agus don athbhreithniú a dhéanann an Coimisiún ar éifeachtacht an chórais airgeadais rialaithe inmheánaigh ó obair an Iniúchóra Inmheánaigh, ón gCoiste Iniúchta, ó na bainisteoirí feidhmiúcháin laistigh den Choimisiún atá freagrach as forbairt agus cothabháil na gcreatlaí rialaithe airgeadais, agus ó bharúlacha a thug an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bainistíochta nó i dtuarascálacha eile.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Dearbhaím go ndearna an Coimisiún, i leith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2013, athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialuithe inmheánaigh airgeadais.

Sínte thar ceann an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais.



Breege O'Donoghue
Cathaoirleach

Dáta: 11 Samhain 2014

Tuarascáil an Ard-Reachtair

Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013

Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais

Tá iniúchadh déanta agam ar na ráitis airgeadais de chuid an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013 faoin Acht Caidrimh Thionscail 1990. Sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh de réir na bpolasaithe cuntasáíochta atá leagtha amach sna ráitis, tá ráiteas maidir leis na polasaithe cuntasáíochta, an cuntas ioncaim agus caiteachais, an ráiteas um ghnóthachain agus caillteanais iomlána aitheanta, an clár comhardaithe agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi Alt 31 den Acht, agus i gcomhréir leis na cleachtais chuntasáíochta a nglactar leis go coitianta in Éirinn.

Freagrachtaí an Choimisiúin

Tá an Coimisiún freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, lena chinntiú go dtugann siad léargas fíor agus cothrom ar staid ghnóthaí an Choimisiúin agus ar a ioncam agus a chaiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá sé d'fhreagracht orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt orthu i gcomhréir leis an dlí is infheidhme.

Rinneadh an t-iniúchadh ar bhonn na ndálaí sonracha a bhaineann le bainistíocht agus oibriúchán chomhlachtaí Stáit.

Cuireadh an t-iniúchadh i gcrích i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) agus rinneadh na Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúcháirí an Bhoird um Chleachtais Iniúcháireachta a chomhlíonadh.

Raon an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Is éard atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil faoi na méideanna agus an nochtadh sna ráitis airgeadais, ar leor í chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu an í calaois nó earráid is cúis leis. Áirítear leis seo measúnú ar:

- cibé an bhfuil na beartais chuntasáíochta oiriúnach do chúinsí an Choimisiúin, agus ar cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus ar

nochtadh go fónta iad;

- ar réasúntacht meastacháin cuntasáíochta suntasacha a rinneadh in ullmhú na ráitis airgeadais; agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht chomh maith fianaise a fháil mar gheall ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.

Tuairim maidir leis na Ráitis Airgeadais

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh i gceart de réir Cleachtais Chuntasáíochta a nGlactar Leo go Coitianta in Éirinn, léargas fíor agus cothrom ar staid ghnóthaí an Choimisiúin an 31 Nollaig 2013 agus ar a ioncam agus ar a caiteachas don bhliain 2013.


Is é mo thuairim gur choinnigh An Coimisiún leabhair chuntais chúí. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Nithe a ndéanaim Tuairisc Eisceachta orthu

Tugaim tuairisc eisceachta

- mura bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim don iniúchadh, nó
- má tá nóta déanta agam d'aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó i gcás nach bhfuil na húdarais rialaithe á gcomhlíonadh ag na hidirbhearta, nó
- mura léirítear sa Ráiteas maidir le Rialú Airgeadais Inmheánach go gcomhlíonann an Coimisiún an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- má aimsim go bhfuil nithe ábhartha eile a bhaineann leis an tslí ina bhfuil an gnó poiblí á dhéanamh.

Níl aon ní agam le tuairisc maidir leis na nithe tuairisce eisceachta.



Patricia Sheehan

Le haghaidh agus thar ceann an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste 19 Samhain 2014

Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013

1 Bunús na Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo de réir an mhodh fabhráithe cuntasaíochta, ach amháin mar atá sainithe thíos, agus i gcomhréir leis na prionsabail chuntasaíochta ghinearálta faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil. Leantar na caighdeáin tuairiscithe airgeadais arna moladh ag na comhlachtaí cuntasaíochta aitheanta, faoi mar a thagann siad i bhfeidhm. Is é an Euro an t-aonad airgeadra ina bhfuil na Ráitis Airgeadais ainmnithe.

2 Deontais Oireachtais

Tá an t-ioncam sonraithe ar bhonn:

- Fáltais airgid tirim ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta;
- Íocaíochtaí a rinne an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta thar ceann an Choimisiúin

3 Sócmhainní Seasta agus Dímheas

Úsáideann an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais íos-tairseach caipitlithe de € 1,000. Sainítear sócmhainní seasta ag a gcostas lúide dímheas carntha. Gearrtar dímheas ar rátaí ríofa chun costais gach sócmhainne a dhí-scríobh thar an tsaolré úsáideach a meastar le bheith aici ar bhonn líne díreach mar seo a leanas:

Troscán, Daingneáin agus Feistis	10% in Aghaidh na Bliana
Trealamh	20% in Aghaidh na Bliana

4 Cuntas Caipitil

Seasann an cuntas caipitil don mhéid ioncaim gan amúchadh a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach agus luach na sócmhainní a aistríodh chuig an gCoimisiún.

5 Pinsin

Faidhmíonn an Coimisiún scéim pinsean sochair sainithe neamh-ranníocach d'oifigeach amháin, a maoinítear go bliantúil ar bhonn íoc mar a úsáidtear ó airgead a chuirtear ar fáil ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Déantar dliteanais na Scéime Pinsin a thomhas ar bhonn achtúireach ag úsáid modh an aonaid réamh-mheasta. Léiríonn costais phinsin an sochar pinsin arna thuilleamh sa tréimhse. Aithnítear méid atá cothrom leis an táille pinsean mar ioncam sa mhéid is go bhfuil sé in-aisghabhála, agus seach-churtha ag deontais a fuarthas sa bhliain d'fhonn íocaíochtaí pinsean a scaoileadh.

Léirítear gnóthachain nó cailteanais achtúireacha a thagann chun cinn ar dhliteanais scéime sa Ráiteas um Ghnóthachain agus Cailteanais Iomlána Aitheanta agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá in-aisghabhála ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

Seasann dliteanais pinsean do luach reatha na n-íocaíochtaí pinsean todhchaí a tuilleadh go dtí seo. Seasann maoiniú iarchurtha na bpinsean don tsócmhainn chomhfhreagrach a aisghabhálfar sa todhchaí ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

6 Stoic

Níl aon ghlanluach inréadaithe ag baint le stoic foilseacháin agus páipéarachais agus ní ghactar leo mar shócmhainní.

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013

	Nótaí	€	2013 €	2012 €
Ioncam				
Deontais Oireachtais	1		4,054,962	4,597,572
Glanmhaoiniú iarchurtha le haghaidh pinsin	5(a)		147,000	142,000
			<hr/>	<hr/>
			4,201,962	4,739,572
Aistriú (chuig) / ón gCuntas Caipitil	2		19,966	40,628
			<hr/>	<hr/>
			4,221,928	4,780,200
Caiteachas				
Tuarastail agus costais ghaolmhara	3	3,217,525		3,629,832
Taisteal agus cothú		219,955		261,543
Táillí chomhaltaí an Choimisiúin	6	80,370		92,340
Cíos ar sheomraí cruinnithe		73,371		99,995
Páipéarachas agus soláthairtí oifige		32,745		41,641
Postas, iompar agus teileafón		138,312		127,172
Siamsaíocht agus lónadóireacht		13,824		3,936
Taighde		35,962		-
Fóntais & Cothabháil Oifige		187,615		178,659
Táille iniúchta		8,200		8,225
Táillí comhairliúcháin agus gairmiúla		44,467		50,653
Ilghnéitheach		38,155		33,301
Clódóireacht		5,927		12,989
Oiliúint		4,733		20,301
Costais phinsin	5(a)	147,000		142,000
Athchóiriú		-		23,412
Dímheas		46,169		62,975
			<hr/>	<hr/>
			4,294,330	4,788,974
Easnamh don bhliain			(72,402)	(8,774)
larmhéid amhail 1 Eanáir			84,127	92,901
			<hr/>	<hr/>
larmhéid amhail 31 Nollaig			11,725	84,127
			<hr/>	<hr/>

Baineann torthaí na bliana le hoibríochtaí leanúnacha.

Is cuid de na ráitis airgeadais seo é an Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta agus Nóta 1 go dtí 15.



Breege O'Donoghue
Cathaoirleach
Dáta: 11 Samhain 2014



Kieran Mulvey
Príomhfheidhmeannach
Dáta: 11 Samhain 2014

Ráiteas maidir le Gnóthachain & Cailteanais Aitheanta

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013

	Nóta	2013 €	2012 €
Easnamh don bhliain		(72,402)	(8,774)
Gnóthachain ó taithí ar dhliteanais scéime pinsin		307,000	52,000
Athruithe ar an mbonn tuisceana atá taobh thiar de luach reatha dhliteanais na scéime pinsin		-	-
Gnóthachan achtúireach ar dhliteanais phinsin		307,000	52,000
Coigeartú ar mhaoiniú pinsin iarchurtha	5(e)	(307,000)	(52,000)
Cailteanas aitheanta iomlán don bhliain		(72,402)	(8,774)

Cailteanas aitheanta iomlán don bhliain.

Is cuid de na ráitis airgeadais seo é an Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta agus Nóta 1 go dtí 15.



Breege O'Donoghue
Cathaoirleach
Dáta: 11 Samhain 2014



Kieran Mulvey
Príomhfheidhmeannach
Dáta: 11 Samhain 2014

Clár Comhardaithe

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013

	Nótaí	€	2013 €	2012 €
Sócmhainní Seasta	9		112,247	132,213
Sócmhainní Reatha				
Féichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí	10	108,826		107,633
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh	11	18,515		74,151
		127,341		181,784
Dliteanais Reatha				
Creidiúnaithe (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin)	12	115,617		97,658
		115,617		97,658
Glan-Sócmhainní Reatha			11,724	84,126
Sócmhainní Iomlána Iúide Dliteanais Reatha roimh Phinsean			123,971	216,339
Maoiniú pinsin iarchurtha	5(d)		1,310,000	1,470,000
Dliteanais phinsin	5(b)		(1,310,000)	(1,470,000)
Sócmhainní Iomlána Iúide Dliteanais Reatha			123,971	216,339
Ionadaithe ag:				
Cuntas Caipitil	2		112,246	132,212
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais			11,725	84,127
			123,971	216,339

Is cuid de na ráitis airgeadais seo é an Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta agus Nóta 1 go dtí 15.



Breege O'Donoghue
Cathaoirleach
Dáta: 11 Samhain 2014



Kieran Mulvey
Príomhfheidhmeannach
Dáta: 11 Samhain 2014

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013

1 Deontais Oireachtais

Is mar seo a leanas a thug An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta maoiniú deontais (Vóta 32) i rith na bliana:
Íochta leis an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais-Fotheideal C.3
Íochta go díreach ag an Roinn - Fotheideal C.3

2013	2012
€	€
750,000	889,000
3,304,962	3,708,572
<u>4,054,962</u>	<u>4,597,572</u>

2 Cuntas Caipitil

Iarmhéid amhail 1 Eanáir

2013	2012
€	€
132,212	172,840

Aistriú ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais

Ioncam curtha le ceannacháin Sócmhainní Seasta
Glanluach leabhar na sócmhainní diúscartha
Amúchadh ar aon dul le dímheas

26,203	22,347
-	-
(46,169)	(62,975)
<u>(19,966)</u>	<u>(40,628)</u>

Iarmhéid amhail 31 Nollaig

<u>112,246</u>	<u>132,212</u>
----------------	----------------

3 Tuarastail agus Costais Ghaolmhara

Tá na baill foirne go léir, seachas an Príomhfheidhmeannach agus na Coimisinéirí um Chearta, ina státseirbhísigh arna gceapadh don Choimisiún ag an Roinn Poist, Fiontraíocht agus Nuálaíocht.

San áireamh sa mhúirear de €3,217,525 (2012: €3,629,832), tá táill de €858,644 (2012: €1,076,245) is iníochta leis an 13 Coimisinéirí um Chearta.

B'ionann líon iomlán na foirne a bhí fostaithe an 31 Nollaig, 2013 agus 45 (2012: 47) le costas tuarastail de €2,358,881 (2012: €2,461,247).

4 Príomhfheidhmeannach

Fuair an Príomhfheidhmeannach íocaíochtaí tuarastail de €161,948 (2012: €168,000). Ní dhearnadh aon íocaíochtaí bónais i rith na bliana. Fuair an Príomhfheidhmeannach suim de €10,965 (2012: €12,322) i leith taistil agus cothaithe. Ní théann teidlíochtaí pinsin an Phríomhfheidhmeannaigh thar na teidlíochtaí caighdeánacha i scéim eiseamláireach aoisliúntais um sochair shainithe den earnáil poiblí.

5 Pinsean

(a) Anailís ar na costais phinsean iomlána a ghearrtar ar Chaiteachas

Costais seirbhíse reatha
Ús ar Dhhliteanais na Scéime Pinsean

2013	2012
€	€
66,000	66,000
81,000	76,000
<u>147,000</u>	<u>142,000</u>

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013

(b) Gluaiseacht i nglanlíteanas pinsin i rith na bliana airgeadais

	2013 €	2012 €
Glanlíteanas pinsin amhail 1 Eanáir	1,470,000	1,380,000
Costas seirbhíse reatha	66,000	66,000
Costas úis	81,000	76,000
Gnóthachan achtúireach	(307,000)	(52,000)
Pinsin a íocadh sa bhliain	-	-
	<hr/>	<hr/>
Glanlíteanas pinsin amhail an 31 Nollaig	1,310,000	1,470,000
	<hr/>	<hr/>

(c) Glanmhaoiniú iarchurtha do Phinsean

Bhí an Glanmhaoiniú iarchurtha do Phinsean arna aithint san Ioncam agus Caiteachas mar seo a leanas:

	2013 €	2012 €
Maoiniú in-aisghabhála maidir le costais phinsin na bliana reatha	147,000	142,000
Deontas Stáit a cuireadh i bhfeidhm chun pinsinéirí a íoc	0	0
	<hr/>	<hr/>
	147,000	142,000
	<hr/>	<hr/>

(d) Maoiniú iarchurtha do phinsin

Aithníonn an Coimisiún na méideanna seo mar shócmhainn atá comhfhreagrach leis an dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe do phinsean ar bhonn tacair na mbonn tuisceana atá sainmhínithe thuas agus de roinnt imeachtaí a tharla san am atá thart. I measc na n-imeachtaí seo, tá an bunús reachtúil do bhunú na scéimeanna pinsin, agus an polasaí agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin na seirbhíse poiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear próiseas na meastachán bliantúil.

Níl aon fhianaise ag an gCoimisiún nach leanfaidh an maoiniú seo chun suimeanna dá leithéid a chomhlíonadh i gcomhréir le cleachtais reatha. B'ionann an tsócmhainn mhaoinithe iarchurtha do phinsin amhail 31 Nollaig 2013 agus €1,310,000 (2012: €1,470,000).

(e) Stair na n-oibleagáidí sochair sainithe

	2013 €	2012 €
Oibleagáidí sochair sainithe	1,310,000	1,470,000
Caillteanais/(gnóthachain) ó thaití ar dhliteanais scéime:		
Méid	(307,000)	(52,000)
Céatadán de dhliteanais scéime	(23%)	(4%)
Is ionann an caillteanas achtúireach carnach aitheanta sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlán agus €587,000		

(f) Cur síos ginearálta ar an Scéim

Is socrú pinsin tuarastail le sochar sainithe lena ngabhann sochair agus rannócaíochtaí atá sainithe de réir rialacháin scéime de "múnla" na hearnála poiblí í an scéim pinsin. Tá an luacháil a úsáideadh do nochtadh FRS17 (athbhreithnithe) bunaithe ar luacháil achtúireach iomlán a rinne achtúire cáilithe neamhspleách an 15 Márta 2014, agus riachtanais an FRS á gcur san áireamh chun measúnú a dhéanamh ar dhliteanais na scéime amhail 31 Nollaig 2013.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013

Bhí na príomhbhoinn tuisceana achtúireacha mar seo a leanas:

	2013	2012
Ráta méadaithe i dtuarastail	4%	4%
Ráta méadaithe i bpinsin atá á n-íoc	4%	4%
Ráta lascaine	5.5%	5.5%
Ráta boilscithe	2%	2%
Meánionchas saoil:		
Fear 65 bliain d'aois	22	22
Bean 65 bliain d'aois	25	25

6 Táillí Chomhaltaí an Choimisiúin

Seo a leanas na táillí bliantúla is iníoctha le Comhaltaí an Choimisiúin:

	2013 €	2012 €
Cathaoirleach	20,520	20,520
Gnáthchomhaltaí	59,850	71,820
	<hr/>	<hr/>
	80,370	92,340
	<hr/>	<hr/>

7 Liosta Táillí Chomhaltaí an Choimisiúin

	Táillí 2013 €	2012 €
Breege O'Donoghue (Cathaoirleach)	20,520	20,520
Gerard Barry	5,985	11,970
Iarla Duffy	5,985	11,970
Brendan McGinty	11,970	11,970
John Hennessy	11,970	11,970
Peter McLoone	11,970	11,970
Fergus Whelan	11,970	11,970
	<hr/>	<hr/>
	80,370	92,340
	<hr/>	<hr/>

An méid a íocadh le Comhaltaí an Choimisiúin in 2013 i leith:

	€	€
Speansais mhíleáiste	1,465	3,861
Speansais chothaithe	545	1,417
	<hr/>	<hr/>
Iomlán a íocadh	2,010	5,278
	<hr/>	<hr/>

8 Cíos & Rátaí

Oibríonn an Coimisiún in oifigí atá curtha ar fáil ar bhonn saorchíosa ag Oifig na nOibreacha Poiblí.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013

9 Sócmhainní Seasta

	Troscán, Daingneáin agus Feistis	Trealamh	Iomlán
Costas	€	€	€
Amhail 1 Eanáir 2013	455,288	584,499	1,039,787
Breiseanna sa Bhliain	-	26,203	26,203
Díúscairtí sa Bhliain	-	(9,129)	(9,129)
	<hr/>	<hr/>	<hr/>
Amhail 31 Nollaig 2013	455,288	601,573	1,056,861
	<hr/>	<hr/>	<hr/>
Dímheas Carntha			
Amhail 1 Eanáir 2013	356,817	550,757	907,574
Muirear don Bhliain	26,744	19,425	46,169
Dímheas ar Dhiúscairtí	-	(9,129)	(9,129)
	<hr/>	<hr/>	<hr/>
Amhail 31 Nollaig 2013	383,561	561,053	944,614
	<hr/>	<hr/>	<hr/>
Glanluachanna leabhair			
Amhail 31 Nollaig 2013	71,727	40,520	112,247
	<hr/>	<hr/>	<hr/>
Amhail 31 Nollaig 2012	98,471	33,742	132,213
	<hr/>	<hr/>	<hr/>

10 Féichiúnaithe & Réamhíocaíochtaí

	2013	2012
	€	€
Féichiúnaithe	10,038	13
Réamhíocaíochtaí	20,770	29,602
Oifig na nOibreacha Poiblí	78,018	78,018
	<hr/>	<hr/>
	108,826	107,633
	<hr/>	<hr/>

11 Banc & Airgead Tirim

	2013	2012
	€	€
Cuntas reatha	17,035	72,583
Cuntas taisce	1,333	1,333
Mionairgead	147	235
	<hr/>	<hr/>
	18,515	74,151
	<hr/>	<hr/>

12 Creidiúnaithe

	2013	2012
	€	€
Fabhruithe	99,172	89,433
Táille Iniúchta	16,445	8,225
	<hr/>	<hr/>
	115,617	97,658
	<hr/>	<hr/>

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013

13 Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara

Is comhlacht reachtúil neamhspleách é an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais atá faoi choimirce na Roinne Post, Fiontar, agus Nuálaíochta. Fuair an Coimisiún cúnaimh deontais ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus, de bharr idirbhearta ábhartha éagsúla, breathnaítear ar an Roinn seo mar pháirtí gaolmhar.

Ghlac an Bord nósanna imeachta i gcomhréir leis an gCód Cleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit maidir leis an nochtadh suime ag comhaltaí an Bhoird agus cloíodh leis na nósanna imeachta seo don bhliain.

Ní raibh aon idirbhearta sa bhliain i dtaca le gníomhaíochtaí an Bhoird a ndeachaigh chun socair chomhaltaí an Bhoird.

14 Gnóthas Leantach

I mí Iúil 2011, d'fhógair an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta gur mhian leis athchóiriú a dhéanamh ar fheidhmiú na gceart fostaíochta agus na caidreamh tionscail (córas feidhmithe an Stáit). Is é an t-athchóiriú atá beartaithe ná na cúig chomhlacht um chearta fostaíochta de chuid an Stáit a shruthlíniú: An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais (LRC), an tÚdarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta (NERA), an Binse Achomhairc Fostaíochta (EAT), an Binse Comhionannais agus an Chúirt Oibreachais.

Tá sé i gceist ag an Aire deireadh a chur leis an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais mar chomhlacht reachtúil neamhspleách, lena n-áirítear ról an Phríomhfheidhmeannaigh agus a chuid freagrachtaí reachtúla mar Oifigeach Cuntasaíochta, trí Choimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre a bhunú, a bheidh nuabhunaithe agus nua-chomhdhéanta.

Foilsíodh an Bille um Chaidreamh san Ionad Oibre an 30 Iúil 2014. Tá tús curtha leis an bpróiseas chun an Bille a chur tríd an Oireachtas agus críochnaíodh an Dara Céim sa Dáil an 8 Deireadh Fómhair 2014. Tá an tAire tiomanta don bhille a achtú roimh dheireadh 2014, agus tá sé mar aidhm aige go mbeidh struchtúir nua maidir le caidreamh san ionad oibre i bhfeidhm go luath in 2015.

Ós rud é go ndéanfar feidhmeanna, oibríthe, foireann, sócmhainní agus dliteanais an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais a aistriú chuig an gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre nua ar bhonn gnóthais leantaigh, is iomchuí go n-ullmhófaí na cuntais ar bhonn gnóthais leantaigh.

15 Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais seo an 11 Samhain 2014.

Ráitis Airgeadais Neamh-Iniúchta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014



Clár na nÁbhar

Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Choimisiúin	45
Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais	46
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	47
Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta	48
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	49
Ráiteas maidir le Gnóthachain agus Cailteanais Aitheanta Iomlána	50
Clár Comhardaithe	51
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	52

Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Choimisiúin

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014

De réir Alt 31(1) den Acht Caidrimh Thionscail 1990, ceanglaítear ar an gCoimisiún Ráitis Airgeadais a ullmhú sa tslí is go bhfeadfadh an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta iad a fhorghnóthas tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Agus na ráitis sin á n-ullmhú, ní mór don Choimisiún:

- polasaithe cuntasáíochta oiriúnacha a roghnú agus a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh;
- na Ráitis Airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach mura bonn míchuí é; agus
- a shonrú cibé ar leanadh na caighdeáin chuntasáíochta cuí, faoi réir aon imeacht ábhartha arna nochtadh agus arna míniú sna ráitis airgeadais.

Tá an Coimisiún freagrach as leabhair chuntais cearta a choimeád a nochtann le cruinneas réasúnta, staid airgeadais an Choimisiúin ag aon am agus a ligeann dó a chinntiú go gcloíonn na Ráitis Airgeadais le hAlt 31(1) den Acht. Tá an Coimisiún freagrach chomh maith as sócmhainní an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aithint.



Breege O'Donoghue
Cathaoirleach
Dáta: 19 Meitheamh 2015



John Hennessy
Comhalta an Choimisiúin
Dáta: 19 Meitheamh 2015

NÓTA: IS RÁITIS AIRGEADAIS NEAMH-INIÚCHTA IAD SEO

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014

Freagracht as Rialú Inmheánach Airgeadais

Mar Chathaoirleach, aithním freagracht an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á choinneáil ar bun agus á fheidhmiú.

Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta agus ní deimhniú iomlán a sholáthar go bhfuil na sócmhainní faoi chosaint, go bhfuil na hidirbhearta údaraithe agus taifeadta i gceart, agus go bhfuil cosc ar agus go n-aithnítear in am tráthúil earráidí nó mírialtachtaí ábhartha.

Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Tá céimeanna glactha ag an gCoimisiún lena chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe cuí i bhfeidhm trí:

- freagrachtaí agus cumhachtaí bainistíochta a shainiú go soiléir;
- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí agus chun cosaint a thabhairt do shócmhainní an Choimisiúin; agus
- Cultúr freagrachta a fhorbairt ar gach leibhéal den Choimisiún.

Tá nósanna imeachta bunaithe ag an gCoimisiún d'fhonn rioscaí gnó a aithint agus a luacháil trí:

- nádúr, méid agus impleacht airgeadais na rioscaí atá os comhair an Choimisiúin a aithint, lena n-áirítear an méid agus na catagóirí a mheasann sé a bheith inghlactha;
- dealraitheacht na rioscaí aitheanta a d'fhéadfaí tarlú a mheas – tá clár riosca i bhfeidhm;
- measúnú a dhéanamh ar chumas an Choimisiúin chun na rioscaí atá ann a bhainistiú agus a mhaolú; agus
- measúnú a dhéanamh ar na costais a bhaineann le rialuithe áirithe a fheidhmiú i gcomparáid leis an tairbhe a bhaintear astu.

Tá an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar chreatlach eolais bhainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear leithscaradh na ndualgas agus córas tarmilgín agus freagrachta. San áireamh go háirithe tá:

- Córas buiséadaithe cuimsitheach le buiséad míosúil a ndéantar é a athbhreithniú agus a chomhaontú ag an gCoimisiún;
- Athbhreithnithe rialta a dhéanann an Coimisiún ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla lena léirítear feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamh-mheastacháin;
- Spriocanna a leagadh síos chun feidhmíocht airgeadais agus cineálacha eile feidhmíochta a thomhas;
- Sainmhíniú soiléir ar theoirínte ceannacháin agus formheasta; agus
- Smacht foirmiúil ar bhainistíocht tionscadail.

D'fhostaigh an Coimisiún comhairleoir, ar bhonn conartha, mar iniúchóir inmheánach chun athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Tagann an t-eolas a úsáidtear don mhonatóireacht agus don athbhreithniú a dhéanann an Coimisiún ar éifeachtacht an chórais airgeadais rialaithe inmheánaigh ó obair an Iniúcháir Inmheánaigh ón gCoiste Iniúchta, ó na bainisteoirí feidhmiúcháin laistigh den Choimisiún atá freagrach as forbairt agus cothabháil na gcreatlaí rialaithe airgeadais, agus ó bharúlacha a thug an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bainistíoch a nó i dtuarascálacha eile.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Dearbhaím go ndearna an Coimisiún, i leith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2014, athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialuithe inmheánaigh airgeadais.

Sínte thar ceann an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais.



Breege O'Donoghue
Cathaoirleach

Dáta: 19 Meitheamh 2015

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014

Tráth a raibh an ráiteas seo á scríobh, bhí tús curtha leis an bpróiseas chun iniúchadh chuntais an Choimisiúin a thabhairt chun críche.

Foilseofar na cuntais iniúchta nuair a chríochnaíonn an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste an t-athbhreithniú bliantúil agus nuair a eisíonn sé an teastas ábhartha.

Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014

1 Bunús na Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo faoi mhodh fabhráithe cuntasaíochta, ach amháin mar atá sainithe thíos, agus i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta chuntasaíochta faoin gcoibhinsiún costais stairiúil. Leantar na caighdeáin tuairiscithe airgeadais arna moladh ag na comhlachtaí cuntasaíochta aitheanta, faoi mar a thagann siad i bhfeidhm. Is é an Euro an t-aonad airgeadra ina bhfuil na Ráitis Airgeadais ainmnithe.

2 Deontais Oireachtais

Tá an t-ioncam sonraithe ar bhonn:

- Fáltais airgid tirim ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta;
- Íocaíochtaí a rinne an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta thar ceann an Choimisiúin.

3 Sócmhainní Seasta agus Dímheas

Úsáideann an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais íos-tairseach caipitlithe de €1,000. Sainítear sócmhainní seasta ag a gcostas lúide dímheas carntha. Gearrtar dímheas ar rátaí ríofa chun costais gach sócmhainne a dhí-scríobh thar an tsaolré úsáideach a meastar le bheith aici ar bhonn líne dhíreach mar seo a leanas:

Troscán, Daingneáin agus Feistis: 10% in Aghaidh na Bliana

Trealamh: 20% in Aghaidh na Bliana

4 Cuntas Caipitil

Seasann an cuntas caipitil don mhéid ioncaim gan amúchadh a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach agus luach na sócmhainní a aistríodh chuig an gCoimisiún.

5 Pinsin

Feidhmíonn an Coimisiún scéim pinsin sochair sainithe neamh-ranníocach d'oifigeach amháin, a maoinítear go bliantúil ar bhonn íoc mar a úsáidtear ó

airgead a chuirtear ar fáil ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Déantar dlíteanais na Scéime Pinsin a thomhas ar bhonn achtúireach ag úsáid modh an aonaid réamh-mheasta. Léiríonn costais phinsin leasa pinsin tuillte sa tréimhse. Aithnítear méid atá cothrom leis an táille pinsean mar ioncam sa mhéid is go bhfuil sé in-aisghabhála, agus seach-churtha ag deontais a fuarthas sa bhliain d'fhonn íocaíochtaí pinsean a scaoileadh.

Léirítear gnóthachain nó cailteanais achtúireacha a thagann chun cinn ar dhlíteanais scéime sa Ráiteas um Ghnóthachain agus Cailteanais lomlána Aitheanta agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá in-aisghabhála ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

Seasann dlíteanais pinsean do luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin todhchaí a tuilleadh go dtí seo. Seasann maoiniú iarchurtha na bpinsean don tsócmhainn chomhfhreagrach atá le bheith aisghafa sa todhchaí ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

6 Stoic

Níl aon ghlanluach inréadaithe ag baint le stoic foilseacháin agus páipéarachais agus ní glactar leo mar shócmhainní.

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014

	Nótaí	€	2014 €	2013 €
Ioncam				
Deontais Oireachtais	1		4,049,785	4,054,962
Glanmhaoiniú iarchurtha le haghaidh pinsin	5(a)		119,000	147,000
			<hr/>	<hr/>
			4,168,785	4,201,962
Aistriú (chuig)/ón gCuntas Caipitil	2		32,382	19,966
			<hr/>	<hr/>
			4,201,167	4,221,928
Caiteachas				
Tuarastail agus costais ghaolmhara	3	3,170,954		3,217,525
Taisteal agus cothú		220,950		219,955
Táillí chomhaltaí an Choimisiúin	6	68,400		80,370
Cíos ar sheomraí cruinnithe		76,106		73,371
Páipéarachas agus soláthairtí oifige		21,744		32,745
Postas, iompar agus teileafón		110,927		138,312
Siamsaíocht agus lónadóireacht		2,624		13,824
Taighde		14,246		35,962
Fóntais & Cothabháil Oifige		145,537		187,615
Táille iniúchta		8,200		8,200
Táillí comhairliúcháin agus táillí gairmiúla		92,197		44,467
Ilghnéitheach		35,297		38,155
Clódóireacht		7,496		5,927
Oiliúint		6,165		4,733
Costais phinsin	5(a)	119,000		147,000
Athchóiriú		61,750		-
Dímheas		39,973		46,169
Caillteanas ar dhíolachán na sócmhainní seasta		220		-
			<hr/>	<hr/>
			4,201,786	4,294,330
Easnamh don bhliain				
larmhéid amhail 1 Eanáir			(619)	(72,402)
			11,725	84,127
			<hr/>	<hr/>
larmhéid amhail 31 Nollaig			11,106	11,725
			<hr/>	<hr/>

Baineann torthaí na bliana le hoibríochtaí leanúnacha.

Is cuid de na ráitis airgeadais seo é an Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta agus Nóta 1 go dtí 15.



Breege O'Donoghue
Cathaoirleach
Dáta: 19 Meitheamh 2015



Kieran Mulvey
Príomhfheidhmeannach
Dáta: 19 Meitheamh 2015

Ráiteas maidir le Gnóthachain & Cailteanais Aitheanta Iomlána

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014

	Nótaí	2014 €	2013 €
Easnamh don bhliain		(619)	(72,402)
Gnóthachain ó thaithí ar dhliteanais scéime pinsin Athruithe sa bhonn tuisceana atá taobh thiar de luach reatha dhliteanais na scéime pinsin		99,000	307,000
		-	-
Gnóthachan achtúireach ar dhliteanais phinsin		99,000	307,000
Coigeartú ar mhaoiniú pinsin iarchurtha	5(e)	(99,000)	(307,000)
Cailteanas aitheanta iomlán don bhliain		(619)	(72,402)

Baineann torthaí na bliana le hoibríochtaí leanúnacha.

Is cuid de na ráitis airgeadais seo é an Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasáochta agus Nóta 1 go dtí 15.



Breege O'Donoghue
Cathaoirleach
Dáta: 19 Meitheamh 2015



Kieran Mulvey
Príomhfheidhmeannach
Dáta: 19 Meitheamh 2015

Clár Comhardaithe

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014

	Nótaí	€	2014 €	2013 €
Sócmhainní Seasta	9		79,864	112,247
Sócmhainní Reatha				
Féichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí	10	37,689		108,826
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh	11	97,512		18,515
		135,201		127,341
Dlíteanais Reatha				
Creidiúnaithe (méideanna dlíte laistigh de bhliain amháin)	12	124,095		115,617
		124,095		115,617
Glan-Sócmhainní Reatha			11,106	11,724
Sócmhainní Iomlána Iúide Dlíteanais Reatha roimh Phinsean			90,970	123,971
Maoiniú pinsin iarchurtha	5(d)		1,330,000	1,310,000
Dlíteanais phinsin	5(b)		(1,330,000)	(1,310,000)
Sócmhainní Iomlána Iúide Dlíteanais Reatha			90,970	123,971
Ionadaithe ag:				
Cuntas Caipitil	2		79,864	112,246
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais			11,106	11,725
			90,970	123,971

Is cuid de na ráitis airgeadais seo é an Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta agus Nóta 1 go dtí 15.



Breege O'Donoghue
Cathaoirleach
Dáta: 19 Meitheamh 2015



Kieran Mulvey
Príomhfheidhmeannach
Dáta: 19 Meitheamh 2015

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014

1 Deontais Oireachtais

Is mar seo a leanas a thug An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta maoiniú deontais (Vóta 32) i rith na bliana:
Íochta leis an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais - Fotheideal C.3
Íochta go díreach ag an Roinn - Fotheideal C.3

2014	2013
€	€
600,000	750,000
3,449,785	3,304,962
<u>4,049,785</u>	<u>4,054,962</u>

2 Cuntas Caipitil

Iarmhéid amhail 1 Eanáir

2014	2013
€	€
112,246	132,212

Aistriú (chuig) ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais

Ioncam curtha le ceannacháin Sócmhainní Seasta
Glanluach leabhar na sócmhainní diúscartha
Amúchadh ar aon dul le dímheas

7,811	26,203
(220)	-
(39,973)	(46,169)
<u>(32,382)</u>	<u>(19,966)</u>

Iarmhéid amhail 31 Nollaig

<u>79,864</u>	<u>112,246</u>
---------------	----------------

3 Tuarastail agus Costais Ghaolmhara

Tá na baill foirne go léir, seachas an Príomhfheidhmeannach agus na Coimisinéirí um Chearta, ina státseirbhísigh arna gceapadh don Choimisiún ag an Roinn Poist, Fiontraíocht agus Nuálaíocht.

San áireamh sa mhúirear de €3,170,954 (2013: €3,217,525), tá táill de €862,681 (2013: €858,644) is iníochta leis an 13 Coimisinéirí um Chearta.

B'ionann líon iomlán na foirne a bhí fostaithe an 31 Nollaig 2014 agus 43 (2013: 45) le costas tuarastail de €2,308,273 (2013: €2,358,881).

4 Príomhfheidhmeannach

Fuair an Príomhfheidhmeannach íocaíochtaí tuarastail de €156,380 (2013: €161,948). Ní dhearnadh aon íocaíochtaí bónais i rith na bliana. Fuair an Príomhfheidhmeannach suim de €7,670 (2013: €10,965) i leith taistil agus cothaithe. Ní théann teidlíochtaí pinsin an Phríomhfheidhmeannaigh thar na teidlíochtaí caighdeánacha i scéim eiseamláireach aoisliúntais um sochair shainithe den earnáil phoiblí. Fuair an Príomhfheidhmeannach táille de €8,978 in 2014 mar Chathaoirleach ar Comhairle Spórt na hÉireann.

5 Pinsean

(a) Anailís ar na costais pinsean iomlána a ghearrtar ar Chaiteachas

Costais seirbhíse reatha
Ús ar Dhhliteanais na Scéime Pinsean

2014	2013
€	€
47,000	66,000
72,000	81,000
<u>119,000</u>	<u>147,000</u>

Múirear pinsin sa bhliain

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014

(b) Gluaiseacht i nglandlíteanas pinsin i rith na bliana airgeadais

	2014	2013
	€	€
Glandlíteanas pinsin amhail 1 Eanáir	1,310,000	1,470,000
Costas seirbhíse reatha	47,000	66,000
Costas úis	72,000	81,000
Gnóthachan achtúireach	(99,000)	(307,000)
Pinsin a íocadh sa bhliain	-	-
	<hr/>	<hr/>
Glandlíteanas pinsin amhail an 31 Nollaig	1,330,000	1,310,000
	<hr/>	<hr/>

(c) Glanmhaoiniú iarchurtha do Phinsean

Bhí an Glanmhaoiniú iarchurtha do Phinsean arna aithint san Ioncam agus Caiteachas mar seo a leanas:

	2014	2013
	€	€
Maoiniú in-aisghabhála maidir le costais phinsin na bliana reatha	119,000	147,000
Deontas Stáit a cuireadh i bhfeidhm chun pinsinéirí a íoc	0	0
	<hr/>	<hr/>
	119,000	147,000
	<hr/>	<hr/>

(d) Maoiniú iarchurtha do phinsin

Aithníonn an Coimisiún na méideanna seo mar shócmhainn atá comhfhreagrach leis an dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe do phinsean ar bhonn tacair na mbonn tuisceana atá sainmhínithe thuas agus roinnt imeachtaí a tharla san am atá thart. I measc na n-imeachtaí seo, tá an bunús reachtúil i gcomhair bhunú na scéimeanna pinsin, an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin na seirbhíse poiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear próiseas na meastachán bliantúil.

Níl aon fhianaise ag an gCoimisiún nach leanfaidh an maoiniú seo chun suimeanna dá leithéid a chomhlíonadh i gcomhréir le cleachtais reatha. B'ionann an tsócmhainn mhaoinithe iarchurtha do phinsin amhail 31 Nollaig 2014 agus €1,330,000 (2013: €1,310,000).

(e) Stair na n-oibleagáidí sochair sainithe

	2014	2013
Oibleagáidí sochair sainithe	€1,330,000	€1,310,000
Caillteanais/(gnóthachain) ó thaithe ar dhliteanais scéime:		
Méid	€(99,000)	€(307,000)
Céatadán de dhliteanais scéime	(7%)	(23%)
Is ionann an caillteanas achtúireach carnach aitheanta sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlán agus €587,000		

(f) Cur síos ginearálta ar an Scéim

Is socrú pinsin tuarastail le sochar sainithe lena ngabhann sochair agus rannócaíochtaí atá sainithe de réir rialacháin scéime de "múnla" na hearnála poiblí í an scéim pinsin. Tá an luacháil a úsáideadh do nochtú FRS17 (athbhreithnithe) bunaithe ar luacháil achtúireach iomlán a rinne achtúire cáilithe neamhspleách an 7 Aibreán 2015, ag cur san áireamh riachtanais an FRS chun measúnú a dhéanamh ar dhliteanais na scéime an 31 Nollaig 2014.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014

Bhí na príomhbhoinn tuisceana achtúireacha mar seo a leanas:

	2014	2013
Ráta méadaithe i dtuarastail	4%	4%
Ráta méadaithe i bpinsin atá á n-íoc	4%	4%
Ráta lascaine	5.5%	5.5%
Ráta boilsicthe	2%	2%
Meánionchas saoil:		
Fear 65 bliain d'aois	22	22
Bean 65 bliain d'aois	25	25

6 Táillí Chomhaltaí an Choimisiúin

Seo a leanas na táillí bliantúla is iníoctha le Comhaltaí an Choimisiúin:

	2014 €	2013 €
Cathaoirleach	20,520	20,520
Gnáthchomhaltaí	47,880	59,850
	<hr/>	<hr/>
	68,400	80,370
	<hr/>	<hr/>

7 Liosta Táillí Chomhaltaí an Choimisiúin

	Fees 2014 €	2013 €
Breege O'Donoghue (Cathaoirleach)	20,520	20,520
Gerard Barry	-	5,985
Iarla Duffy	-	5,985
Brendan McGinty	11,970	11,970
John Hennessy	11,970	11,970
Peter McLoone	11,970	11,970
Fergus Whelan	11,970	11,970
	<hr/>	<hr/>
	68,400	80,370
	<hr/>	<hr/>

An méid a íocadh le Comhaltaí an Choimisiúin in 2014 i leith:

	€	€
Speansais mhíleáiste	-	1,465
Speansais chothaithe	-	545
	<hr/>	<hr/>
Iomlán a íocadh	-	2,010
	<hr/>	<hr/>

8 Cíos agus Rátaí

Oibríonn an Coimisiún in oifigí atá curtha ar fáil ar bhonn saorchíosa ag Oifig na nOibreacha Poiblí.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014

9 Sócmhainní Seasta

	Troscán, Daingneáin agus Feistis	Trealamh	Iomlán
Costas	€	€	€
Amhail 1 Eanáir 2014	455,288	601,573	1,056,861
Breiseanna sa Bhliain	-	7,810	7,810
Diúscairtí sa Bhliain	(33,299)	(151,450)	(184,749)
	<hr/>	<hr/>	<hr/>
Amhail 31 Nollaig 2014	421,989	457,933	879,922
	<hr/>	<hr/>	<hr/>
Dímheas Carntha			
Amhail 1 Eanáir 2014	383,561	561,053	944,614
Muirear don Bhliain	22,242	17,731	39,973
Dímheas ar Dhiúscairtí	(33,299)	(151,230)	(184,529)
	<hr/>	<hr/>	<hr/>
Amhail 31 Nollaig 2014	372,504	427,554	800,058
	<hr/>	<hr/>	<hr/>
Glanluachanna leabhair			
Amhail 31 Nollaig 2014	49,485	30,379	79,864
	<hr/>	<hr/>	<hr/>
Amhail 31 Nollaig 2013	71,727	40,520	112,247
	<hr/>	<hr/>	<hr/>

10 Féichiúnaithe & Réamhíocaíochtaí

	2014	2013
	€	€
Féichiúnaithe	861	10,038
Réamhíocaíochtaí	20,560	20,770
Oifig na nOibreacha Poiblí	16,268	78,018
	<hr/>	<hr/>
	37,689	108,826
	<hr/>	<hr/>

11 Banc & Airgead Tirim

	2014	2013
	€	€
Cuntas reatha	95,988	17,035
Cuntas taisce	1,333	1,333
Mionairgead	191	147
	<hr/>	<hr/>
	97,512	18,515
	<hr/>	<hr/>

12 Creidiúnaithe

	2014	2013
	€	€
Fabhruithe	115,895	99,172
Táille Iniúchta	8,200	16,445
	<hr/>	<hr/>
	124,095	115,617
	<hr/>	<hr/>

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014

13 Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara

Is comhlacht reachtúil neamhspleách é an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais atá faoi choimirce na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Fuair an Coimisiún cúnaimh deontais ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus, de bharr idirbhearta ábhartha éagsúla, breathnaítear ar an Roinn seo mar pháirtí gaolmhar.

Ghlac an Bord nósanna imeachta i gcomhréir leis an gCód Cleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit maidir leis an nochtadh suime ag comhaltaí an Bhoird agus cloíodh leis na nósanna imeachta seo sa bhliain.

Ní raibh aon idirbhearta sa bhliain maidir le gníomhaíochtaí an Bhoird a ndeachaigh chun socair chomhaltaí an Bhoird.

14 Gnóthas Leantach

I mí Iúil 2011, d'fhógair an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta gur mhian leis athchóiriú a dhéanamh ar fheidhmiú na gceart fostaíochta agus na caidreamh tionscail (córas feidhmithe an Stáit). Is é an t-athchóiriú atá beartaithe ná na cúig chomhlacht um chearta fostaíochta de chuid an Stáit a shruthlíniú: an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais (LRC), an tÚdarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta (NERA), an Binse Achomhairc Fostaíochta (EAT), an Binse Comhionannais agus an Chúirt Oibreachais.

Tá sé i gceist ag an Aire deireadh a chur leis an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais mar chomhlacht reachtúil neamhspleách lena n-áirítear ról an Phríomhfheidhmeannaigh agus a chuid freagrachtaí reachtúla mar Oifigeach Cuntasaíochta, trí Choimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre a bhunú, a bheidh nuabhunaithe agus nua-chomhdhéanta.

Foilsíodh an Bille um Chaidreamh san Ionad Oibre an 30 Iúil 2014. Ritheadh an tAcht agus tá sé ina dlí anois. D'fhógair an tAire go gcuirfean an tAcht i bhfeidhm an 1 Deireadh Fómhair 2015.

Ós rud é go ndéanfar feidhmeanna, oibríthe, foireann, sócmhainní agus dliteanais an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais a aistriú chuig an gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre nua ar bhonn gnóthais leantaigh, is iomchúf go n-ullmhófaí na cuntais ar bhonn gnóthais leantaigh.

15 Stádas na Ráiteas Airgeadais

Is Ráitis Airgeadais Neamh-Iniúchta iad seo.

16 Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais seo an 19 Meitheamh 2015.





An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais
Teach Tom Johnson, Bóthar Haddington, Baile Átha Cliath 4, Éire

T: +353 1 6136700 F: +353 1 6136701
E: info@lrc.ie W: www.lrc.ie
www.workplacerelations.ie